Imleabhar 10, eagrán 3. Deireadh Fómhair 2008

# Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna

COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

NUACHT NA SEIRBHÍSE CÚIRTEANNA

www.courts.ie



## TÚS LE BLIAIN DLÍTHIÚIL NUA

## SEIRBHÍS NÍOS ÉIFEACHTAÍ A CHUR AR FÁIL

## BÍ AIREACH AG AN OBAIR

## FÍNEÁIL A ÍOC AR LÍNE



















Clúdach tosaigh: Giolla Halla na Ceithre Cúirteanna, Tommy Barnes
*Grianghraf: Brian Barron*

# CLÁR ÁBHAR


## GNÉ-AILT RIALTA

Focal Fáilte 3
Cleachtas agus Nós Imeachta 4
Nuacht Bhreithiúnach 25
Scéalta Báis 26
Scor na mball foirne 28
Ceapacháin 29
Léirmheas Leabhair 30
Ceol 31
Taisteal 32
Léirmheas Scannáin 33
As an Oifig 34
Tráth na gCeist 35

## GNÉ-AILT

Atheagrú na Cúirte Dúiche 6
Teach Cúirte Bhaile Bhlainséir 12
Bí aireach ag an obair 14
An Bord Comhairleach um Achtanna na Leanaí 16
Úsáid éifeachtach trealamh TF 24

## SÓISIALTA

Cumann Peile na Seirbhíse Cúirteannas 34

## NUACHT

Teicneolaíocht físchomhdhála 5
Seachtain Oidhreachta: Teach Cúirte Chorcaí 8
Fíneálacha Ar Líne 9
Míniú ar reachtaíocht nua 10
Tuarascáil Bhliantúil 17
Idirghabháil agus comhréiteach 20
Toghadh bhall foirne 21
Oscailt na Bliana Dlíthiúla nua 22
Carthanachtaí ag fáil Buntáiste 23




# Fáilte

**FÁILTE** chuig eagrán Dheireadh Fómhair de Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna.

Sa timpeallacht eacnamaíoch athraitheach atá ann faoi láthair, ní mór do gach comhlacht poiblí, lena n-áirítear an tSeirbhís Chúirteanna, breisluach ar airgead a sheachadadh agus an tseirbhís dár gcomhshaoránaigh a chothú. Tá sé seo dearbhaithe ag cinntí a rinne an Rialtas le déanaí maidir le leibhéil caiteachais poiblí. Tá ionchas níos airde ann maidir le caighdeáin feidhmíochta níos airde taobh istigh den earnáil phoiblí go ginearálta mar a léirítear i dtuarascáil de chuid an OECD a foilsíodh le déanaí (*Towards An Integrated Public Service*, Aibreán 2008). Aithníonn an tuarascáil an dul chun cinn a rinneadh ó thaobh athchóiriú de ar an tseirbhís phoiblí le blianta beaga anuas, ach aithníonn sé freisin roinnt réimsí nach mór tabhairt fúthu má tá tuilleadh dul chun cinn le déanamh ag cur feabhais ar sheirbhísí do shaoránaigh.

San eagrán seo dírímid ar chuid de na héifeachtachtaí arna seachadadh ag an tSeirbhís Chúirteanna agus ar chuid de na pleananna don todhchaí. Déantar cur síos inár dtuarascáil bhliantúil (leathanaigh 17-19) ar na leibhéil méadaithe oibre a baineadh amach in 2007. Mínímid conas fíneáil a íoc ar líne - seo gné de Chóras Cuntasaíochta na gCúirteanna (féach leathanach 9). Léiríonn suí na hArd-Chúirte i Mainistir Fhear Maí den chéad uair (leathanach 4) an úsáid is fearr de thithe cúirte nua-athchóirithe agus de bhreithiúna breise arna gceapadh ag an Rialtas le déanaí.

Tá cur i bhfeidhm fhíschomhdhálú á léiriú ar leathanach 5, agus mar a deir an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, P.J Fitzpatrick ní hamháin go méadóidh an córas ar sheirbhísí do ghrúpaí úsáideoirí na gcúirteanna, ach sábhálfaidh sé am agus airgeadh mar thoradh ar an laghdú ar chostais taistil agus lóistín. Tá ár Stiúrthóireacht Cuarda agus Dúiche tar éis tosú ar atheagrú stairiúil a chur i bhfeidhm ar na Cúirteanna Dúiche, atá curtha i bhfeidhm cheana féin go rathúil in oirthear na tíre (féach leathanaigh 6-7).

Is ceann de na cúiseanna atá leis an teach cúirte nua i mBaile Bhlainséir ná seirbhísí cúirte a thabhairt chuig ceantair ina bhfuil daonra mór - an áit ina maireann daoine ionas nach mbeidh gá a thuilleadh taisteal chuig lár na cathrach. Tá an tAire Airgeadais tar éis a rá gur "sampla é an cineál athchóirithe agus nuálaíochta seo den chineál ruda atá an Rialtas ag spreagadh sa tseirbhís phoiblí iomlán". (féach leathanaigh 12-13).

I measc na ngné-ailt eile san eagrán seo tá agallamh leis an Leas-Phríomhfheidhmeannach den Bhord Comhairleach um Achtanna na Leanaí, Finbarr O' Leary, féach leathanach 16, agus plé ar shaincheisteanna a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht ag an obair. (Leathanaigh 14-15) Buíochas ar leith leo siúd a rinne léirmheas ar leabhair, scannáin agus shaoire dúinn, agus dár n-aoi 'As an Oifig' ar leathanach 34. Agus faoi dheireadh, daoibhse gur breá libh tráth na gceist, is í an téama san eagrán seo ná an ceol (féach leathanach 35). Mar sin, tosaígí ag ainmniú na hamhráin. Tá muid ag súil go mór le bhur gcuid freagraí a fháil.

Bain sult as!

Tony Lawlor agus Dympna Healy-Clarke

COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

Is í **Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna** irisleabhar na Seirbhíse Cúirteanna. Faightear ábhar óna lán daoine éagsúla agus ní gá go mbeadh a dtuairimí ar aon dul le dearcadh ná le beartais na Seirbhíse Cúirteanna. Coinníonn na heagarthóirí an ceart eagarthóireacht a dhéanamh ar gach ábhar, agus litreacha san áireamh.

**Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna,**
An Oifig Faisnéise,
15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh,
Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.
**Teileafón:** (01) 888 6459,
**Facs:** 01 873 5250
**Ríomhphost:** DympnaHealyClarke@courts.ie

**Gréasán:** www.courts.ie

**Foireann Eagarthóireachta:** Helen Priestley, Tony Lawlor, Dympna Healy-Clarke, Gerry Curran, Luke O'Neill

**Clóbhualadh:** Brunswick Press Ltd., Aonad B2, Eastát Tionsclaíoch an Chloigín Ghoirm, Baile Átha .Cliath 12

**Dearadh:** Design Communication, atá ina chuid den Ashville Media Group, 57/59 Cé Sir John Rogerson, Baile Átha Cliath 2.

design communication

## ATHLONNÚ CHÚIRTEANNA CUARDA AGUS DÚICHE MHUINEACHÁN AGUS OIFIG RÉIGIÚNACH AN TUAISCIRT

Dhún an Teach Cúirte, Cearnóg an Teampaill, Muineachán dúnta chun críche athchóirithe, le héifeacht ón Luan 15 Meán Fómhair 2008 ar feadh tréimhse ocht mí dhéag, a bheag nó a mhór.

Tá suíonna Chúirt Chuarda Mhuineacháin i gcomhair Dlí Sibhialta, Dlí Coiriúil agus Dlí Teaghlaigh ar siúl i dTeach Cúirte an Chabháin, ar feadh tréimhse an athchóirithe.

Tá suíonna Chúirt Dúiche Mhuineacháin i gcomhair Dlí Sibhialta, Dlí Coiriúil agus Dlí Teaghlaigh ar siúl i Halla Naomh Pádraig, Cearnóg an Teampaill, Muineachán, anois.

Aistreoidh Oifig na Cúirte Cuarda, Oifig na Cúirte Dúiche agus Oifig Réigiúnach an Tuaiscirt den tSeirbhís Chúirteanna chuig Teach O'Cléircín, Cearnóg na Seanchroise, Muineachán. Níl aon athrú ar na huimhreacha teagmhála.

# Airde bainte amach ag Mainistir Fhear Maí



*Suí na hArd-Chúirte i Mainistir Fhear Maí*

I mí an Mheithimh, shuigh an Ard-Chúirt den chéad uair i dTeach Cúirte athchóirithe Mhainistir Fhear Maí. Bhí an Chúirt Dúiche, an Chúirt Chuarda agus an Ard-Chúirt ag suí sa bhaile an mhí sin. B'iad na hábhair a láimhseáladh ná éisteachtaí.

gan ghiúiré agus achomhairc na Cúirte Cuarda, cás pleanála a bhí faoi dhíospóid le fada ina measc. Sa phictiúr thuas tá (líne tosaigh Clé - Deas) Príomhchléireach Chúirt Dúiche Mhainistir Fhear Maí Thomas Brown, Cláraitheoir na hArd-Chúirte David Colbert agus an Breitheamh Frank Clarke agus (líne chúil Clé - Deas) na hAbhcóidí Sinsearacha John Rogers, John Aelmore agus John Gleeson.

## Rialacha na nUaschúirteanna

**I.R. Uimh. 325 de Rialacha na nUaschúirteanna (Taifeadadh Imeachtaí), 2008**
Tá sé i gceist go ndéanfadh na Rialacha seo éascú ar thabhairt isteach bhealaí digiteacha agus bhealaí eile nach le lámh iad chun imeachtaí a thaifeadadh, chomh maith le taifeadadh gearrscríofa in imeachtaí coiriúla agus sibhialta.

## Rialacha na Cúirte Dúiche

**I.R. Uimh. 322 de Rialacha na Cúirte Dúiche (Barántais Chuardaigh), 2008**
Déanann na rialacha seo leasú ar Ordú 34 de Rialacha na Cúirte Dúiche, 1997 chun forálacha ailt 6(1)(a), 190(1), 192(1)(a), agus 192(1)(b) den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 a thógáil san áireamh maidir le barántais chuardaigh.

## Rialacha na Cúirte Cuarda

**I.R. Uimh. 353 de Rialacha na Cúirte Cuarda (Costais), 2008**
Leasaíonn na Rialacha seo Ordú 66 riail 1 de Rialacha na Cúirte Cuarda a bhaineann le costais na n-iarratas idirbhreitheacha a bhronnadh, breithniú na cúirte ar thairiscintí scríofa nuair atá costais á mbronnadh agus cumhacht na cúirte a éileamh go ndéanfaí meastacháin ar chostais a tháirgeadh agus a mhalartú.

**I.R. Uimh. 354 de Rialacha na Cúirte Cuarda (Taifeadadh Imeachtaí), 2008**
Tá sé i gceist go ndéanfadh na Rialacha seo éascú ar thabhairt isteach bhealaí digiteacha agus bhealaí eile nach le lámh iad chun imeachtaí a thaifeadadh, chomh maith le taifeadadh gearrscríofa in imeachtaí coiriúla agus sibhialta.

**I.R. Uimh. 358 de Rialacha na Cúirte Cuarda (Cur chun cinn Cásanna in Imeachtaí Dlí Teaghlaigh), 2008**
Déanann na Rialacha seo leasú ar Rialacha na Cúirte Cuarda chun cabhrú le Cláraitheoir an Chontae maoirseacht a dhéanamh ar réiteach na gcatagóirí imeachtaí dlí teaghlaigh le haghaidh trialach sa Chúirt Chuarda lena mbaineann Ordú 59 Riail 4 de na Rialacha seo.

## Orduithe um Thosach Feidhme

**I.R. Uimh. 337 de 2008 - Ordú (Tosach Feidhme), 2008 Acht na bPríosún 2007**
Tugann an Ionstraim Reachtúil seo ailt 33 agus 34 de Acht na bPríosún a dhéanann foráil i gcomhair iarratais áirithe chuig cúirt in imeachtaí coiriúla a bheith cloiste ag úsáid nasc físe agus sa chás go bhfuil an duine atá cúisithe nó ciontaithe sa phríosún, in ionad athchuir nó in ionad coinneála laistigh de bhrí Acht na Leanaí, 2001.

**I.R. Uimh. 338 de 2008 - Ordú (Tosach Feidhme), 2008 an Achta um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2008**

1. Ordú (Tosach Feidhme) 2008 an Achta um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach), 2008 is teideal don Ordú seo.

2. Tá an 1ú lá de Mheán Fómhair 2008 ceaptha mar an lá ar a dtiocfaidh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2008 (Uimh. 7 de 2008), seachas Cuid 3, i bhfeidhm.

# TEICNEOLAÍOCHT FÍSCHOMHDHÁLA
## curtha i bhfeidhm go rathúil ar fud chóras na gcúirteanna

D'fhógair an tSeirbhís Chúirteanna agus Damavo, soláthraí cumarsáide gnó, cur i ngníomh agus comhtháthú rathúil chórais fhíschomhdhálaithe i seomraí cúirte ar fud na tíre. Méadaíonn réiteach Damavo éifeachtacht agus slándáil réimse leathan imeachtaí cúirte, éascaíocht ar imeachtaí cúirte idirnáisiúnta beo san áireamh, mar a mhíníonn **Gerry Curran**:

Is í an tSeirbhís Chúirteanna atá freagrach as cúirteanna na hÉireann a bhainistiú, tacaíocht a chur ar fáil don bhreithiúna, agus seirbhís ghairmiúil a chur ar fáil do gach úsáideoir cúirte, agus creideann sí go bhféadfadh ról riachtanach a bheith ag feidhmchláir theicneolaíochta d'ardchaighdeán atá imdhíonaithe don todhchaí, i seachadadh na seirbhísí seo. Bronnadh conradh ar Damavo tar éis phróiseas tairisceana ar fud an AE, chun bainistiú a dhéanamh ar an tionscadal agus chun córais físchomhdhálaithe den scoth a sholáthar do na Ceithre Cúirteanna agus do roinnt cúirteanna dúiche agus cuarda ar fud an Stáit, chun go leor de riachtanais chumarsáide aontaithe na Seirbhíse Cúirteanna a bhaint amach.

Tar éis phróiseas athbhreithnithe críochnúil, cuireadh réimse uirlisí cumarsáide físe comhoibríocha agus iomasacha ar fáil do gach teach cúirte rannpháirteach. Tá dhá scáileán 46'' ag gach teach cúirte anois gur féidir leis an giúiré agus an pobal a fheiceáil, chomh maith le scáileáin tadhaill aonair don bhreitheamh, don chláraitheoir, don lucht cosanta agus don lucht ionchúisimh. Tá córais físchomhdhálaithe curtha i seomraí finnéithe tiomnaithe ionas gur féidir le finnéithe leochaileacha páirt a ghlacadh in imeachtaí cúirte tríd a gcuid fianaise a thabhairt ó áit taobh amuigh den seomra cúirte.

Is féidir leis an mbreitheamh gach fianaise agus ráiteas ó fhinnéithe a rialú anois trí bhrú ar a scáileán féin. Ina theannta sin, is féidir tús a chur le himeachtaí cúirte beo idir sheomraí cúirte in Éirinn agus i roinnt tíortha ar fud an domhain.

Tá seilfeanna fianaise curtha ar fáil freisin i seomraí cúirte sannta, ina bhfuil ríomhairí, naisc do ríomhairí glúin, agus áiseanna athsheanma do réimse iomlán de VHS, DVD agus seirbhísí físe ar líne.

Cuireann siad seo ar chumas ghardaí agus aturnaetha fianaise físe cosúil le píosa scannáin ó CCTV a thaispeáint go héifeachtach, gan aon ghá a gcuid trealaimh féin a thabhairt leo. Deir Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna, PJ Fitzpatrick "cuirfidh córais físchomhdhálaithe sochair inláimhsithe ar fáil do na cúirteanna agus is cuid bhreise dár gclár nuachóirithe foriomlán atá iontu".

"Chomh maith le feabhas a chur ar sheirbhísí do na breithiúna, do chosantóirí, d'aturnaetha agus do ghardaí, cuirfidh an réiteach seo, a bheidh ar fáil ar fud na tíre, ar chumas bhainisteoirí cúirte réigiúnacha agus bhaill foirne eile cruinnithe inmheánacha a bheith ar siúl acu trí fhíschomhdhálú, agus laghdófar a gcuid costais dá réir. Ciallaíonn sé sin go méadóidh na feidhmchláir seo atá cosanta i gcoinne na todhchaí éifeachtacht imeachtaí cúirte ar fud na tíre agus cosnóidh siad sláine chóras cúirte na hÉireann," a dúirt sé.



*John Mc Cabe, Stiúrthóir Bainistíochta Damovo agus PJ Fitzpatrick, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna.*

Dúirt John McCabe, Stiúrthóir Bainistíochta Damavo, "Tá moladh tuillte ag an tSeirbhís Chúirteanna as ucht straitéis TFC chomh forásach a chur i bhfeidhm i gcúirteanna na hÉireann. Cinntíonn an infheistíocht i gcórais físchomhdhála don chéad ghlúin eile go mbeidh úsáideoirí cúirte ábalta úsáid a bhaint as seirbhísí níos faide chun cinn, bíodh is go bhfuil siad sa Chúirt Uachtarach nó i gCúirt Chuarda sannta."

Tá cur i bhfeidhm na gcóras curtha i gcrích in os cionn fiche cúirt, lena n-áirítear Baile Átha Cliath, Bré, Corcaigh, Luimneach, Caisleán an Bharraigh agus an Tulach Mhór, le níos mó cúirteanna le tabhairt san áireamh i mbliana. Tá réimse leathan d'uirlisí cumarsáide éisteachta agus físe ó na díoltóirí is mó le rá cosúil le Polycom, AMX agus NEC in úsáid. Tá Damavo freagrach go hiomlán as dearadh, insealbhú agus bainistiú an trealaimh ag gach suíomh.

## Bainistíocht Acmhainní Daonna - Cuirtear Tús le Scéim Phíolótach Bunaithe ar an nGréasán

Tá córas nua fleisc-ama, bainistíochta neamhláithreachta agus ceadaithe saoire againn, atá bunaithe ar an idirlíon, agus atá sé mar aidhm aige rochtain ar fhaisnéis faoi am oibre agus phatrún oibre a éascú. Beifear ábalta pleanáil agus bainistíocht daonna níos fearr a dhéanamh mar gheall air agus cabhróidh sé chun nósanna imeachta a thacaíonn le teaghlaigh a sheachadadh agus cloí leis na treoracha ama oibre. Tá an tSeirbhís Chúirteanna ag reáchtáil an chórais ar bhonn píolótach in oifigí roghnaithe ar fud na tíre. Dúirt an Stiúrthóir Acmhainní Daonna Gníomhach, Olive Caulfield, an méid seo a leanas, 'tacóidh an córas nua lenár n-aidhmeanna 'I dTreo 2016' ag an am céanna is a bheidh sé ag cinntiú go bhfuilimid ag cloí go leanúnach le gach riachtanas reachtaíochta cuí, cosúil leis an Treoir Ama Oibre".

Cuirfidh an chuideachta Éireannach Softworks an córas nua ar fáil. Insíonn Stiúrthóir Díolachán Softworks, Noel Dooley, dúinn: ''tá sé aitheanta le fada go bhfuil ár dtáirgí feiliúnach le húsáid i dtimpeallacht ina bhfuil leibhéal ard slándála i gceist."

# Céim Stairiúil bainte amach ó thaobh an úsáid is fearr d'acmhainní Cúirte

Tá an tSeirbhís Chúirteanna tar éis Céim a Dó den atheagrú náisiúnta ar limistéir Chúirte Dúiche a fhógairt. Táthar ag súil go mbeidh an chéim seo críochnaithe faoi thús 2009. Beidh tionchar aige ar na dúichí a chlúdaíonn na contaetha Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, Maigh Eo, Gaillimh, an Clár, Ros Comáin, Longfort, an Iarmhí, Uíbh Fháilí, Laois agus Tiobraid Árann. Seo tuairisc ó **Gerry Curran**:

Níl athbhreithniú iomlán déanta ar obair na Cúirte Dúiche le 47 bliana anuas. Is céim stairiúil atá san atheagrú seo maidir le seirbhísí feabhsaithe a thabhairt d'úsáideoirí na gcúirteanna agus maidir leis an úsáid is fearr d'acmhainní cúirte.

Tá Éire an lae inniu an-difriúil ón gcaoi a bhí sé in 1961 nuair a rinneadh an t-athchóiriú deireanach den chineál seo. Tá an méadú atá tagtha ar an daonra, in oirthear na tíre go háirithe, tar éis cur leis an éileamh ar sheirbhísí cúirte i go leor contaetha, go háirithe sna ceantair uirbeacha níos mó.

Tá tionchar ag athruithe déimeagrafacha, sóisialta agus bonneagair ar an gcruth a bheidh ar na dúichí sa todhchaí freisin. I measc na saincheisteanna eile a mbíonn tionchar acu ar gach eagraíocht a chuireann seirbhísí poiblí ar fáil tá méadú ar ghníomhaíocht tráchtála, rochtain níos mó ar iompar agus líonra bóithre níos fearr.

Tá go leor feabhsuithe déanta le blianta beaga anuas chun cabhrú leo siúd atá ag úsáid na gcúirteanna, go háirithe i réimse na bhfoirgneamh. Tá athchóiriú suntasach déanta ar ár n-eastáit agus tá áiseanna den scoth ar fáil ar fud na tíre anois.

Rinneadh atheagrú ar naoi ndúiche i gceantar an Oirthir/Laighin i gCéim a hAon den atheagrú, mar a tuairiscíodh cheana i Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna. Tá feabhas suntasach tagtha ar amchlár cúirte míosúil gach contae / dúiche sa limistéar seo anois.

Tá na hathruithe atá le déanamh ar dhúichí agus ar amanna do shuíonna cúirte agus ar ionaid i gCéim a Dó le feiceáil sna hamchláir suíonna nua thíos a bheidh ag teacht isteach. Aontaíodh ar na hathruithe seo tar éis staidéir fhorleathana ar gach limistéar, a leibhéil ghnó agus rochtain ar ionaid agus seirbhísí cúirte agus tar éis dul i gcomhairle leis na breithiúna chomh maith le bainisteoirí réigiúnacha agus áitiúla.

Tá ár n-oifigí réigiúnacha ag obair go háitiúil le breithiúna, baill foirne agus úsáideoirí na gcúirteanna chun na hathruithe seo a thabhairt isteach chomh héifeachtach agus chomh furasta céanna is a tugadh isteach go rathúil iad i gCéim a hAon.

Tabharfar faoi imscrúdú ar an obair sa chuid eile den tír, is é atá i gceist leis sin ná Corcaigh, Ciarraí agus Luimneach, i gCuid a Trí.

**Amchláir Suíonna Cúirte le tabhairt isteach mar chuid de Chéim a Dó d'atheagrú na Cúirte Dúiche sna míonna atá amach romhainn**

DÚICHE UIMH. 1

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| 1ú | Leitir Ceanainn | Leitir Ceanainn | Leitir Ceanainn | Leitir Ceanainn | Leitir Ceanainn |
| 2ú | Leitir Ceanainn | An Clochán Liath | Leitir Ceanainn | Bun Cranncha | Leitir Ceanainn |
| 3ú | Leitir Ceanainn | Carn Domhnach | An Fál Carrach | Leitir Ceanainn | Leitir Ceanainn |
| 4ú | Leitir Ceanainn | Bun Cranncha | Carn Domhnach | An Clochán Liath | Na Gleannta |

DÚICHE UIMH. 2

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| 1ú | Cora Droma Rúisc | Sligeach | Dún na nGall | Sligeach | Béal Átha Seanaidh |
| 2ú | Dún na nGall | Baile an Mhóta | Cluainín | Sligeach | |
| 3ú | Dún na nGall | Iascaigh | Sligeach | Sligeach | Béal Átha Seanaidh |
| 4ú | | Cora Droma Rúisc | Tobar an Choire | Sligeach | Béal an Átha Móir |
| 5ú | | | | Sligeach | |

DÚICHE UIMH. 3 (FAOI RÉIR DEIMHNITHE)

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| 1ú | | Baile an Róba | Caisleán an Bharraigh | Cathair na Mart | Béal an Átha |
| 2ú | | Ballina | Béal an Mhuirthead | Acaill/Cathair na Mart* | Béal Átha na Muice |
| 3ú | | Clár Chlainne Mhuiris | Caisleán an Bharraigh | Cathair na Mart | Coillte Mach |
| 4ú | | Béal an Átha | Béal an Átha | Caisleán an Bharraigh/ Cathair na Mart** | Béal Átha hAmhnais |

* Suífidh **Acaill** ar an dara Déardaoin in Eanáir, Márta, Bealtaine, Iúil, Meán Fómhair agus Samhain. Suífidh **Cathair na Mart** ar an dara Déardaoin i bhFeabhra, Aibreán, Meitheamh, Deireadh Fómhair agus mí na Nollag.

**Suífidh **Caisleán an Bharraigh** ar an ceathrú Déardaoin in Eanáir, Márta, Bealtaine, Iúil, Meán Fómhair agus Samhain. Suífidh **Cathair na Mart** ar an ceathrú Déardaoin i bhFeabhra, Aibreán, Meitheamh, Deireadh Fómhair agus mí na Nollag.

## DÚICHE UIMH. 4

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| 1ú | | Ros Comáin | Baile Locha Riach | Béal Átha na Sluaighe | Baile Anraí/An Caisleán Riabhach |
| 2ú | | Tuaim | Baile Locha Riach | Béal Átha na Sluaighe | Baile Anraí / Bealach an Doirín |
| 3ú | | Ros Comáin | Tuaim/Baile Locha Riach* | Mainistir na Búille | Baile Anraí/An Caisleán Riabhach |
| 4ú | | Tuaim | Béal na mBuillí | Béal Átha na Sluaighe | Baile Anraí /An Caisleán Riabhach |

* Suífidh **Tuaim** ar an tríú Céadaoin in Eanáir, Márta, Bealtaine, Iúil, Meán Fómhair agus mí na Samhna. Suífidh. **Baile Locha Riach** ar an tríú Céadaoin i bhFeabhra, Aibreán, Meitheamh, Deireadh Fómhair agus mí na Nollag. ** Ar gach Aoine, suífidh Baile Anraí ag 10.30 r.n., suífidh an Caisleán Riabhach ag 11.30 r.n. agus suífidh Bealach an Doirín ag 12.00 meánlae.

## DÚICHE UIMH. 7

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| 1ú | Gaillimh | Gaillimh | Gaillimh | Cill Rónáin* | |
| 2ú | Gaillimh | Gaillimh | Gaillimh | An Spidéal | |
| 3ú | Gaillimh | Doire an Fhéich | Gaillimh | Gaillimh | |
| 4ú | Gaillimh | Gaillimh | Gaillimh | An Clochán | |
| 5ú | Gaillimh | | | | |

* Suíonn Cúirt Dúiche **Chill Rónáin** i Márta, Meitheamh, Meán Fómhair agus mí na Nollag amháin.

## DÚICHE UIMH. 8

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| 1ú | | | Tiobraid Árann | Ros Cré | An tAonach |
| 2ú | | | Ros Cré | An Teampall Mór | |
| 3ú | | | | An tAonach | An tAonach |
| 4ú | | | Tiobraid Árann | Buiríos Uí Chéin | An tAonach |

Beidh tionchar ag forfheidhmiú Chéim 3 den Atheagrú ar na hionaid sa Dúiche seo.

## DÚICHE UIMH. 9

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| 1ú | | An Longfort | Áth Luain | Án Muileann gCearr | Áth Luain |
| 2ú | | An Longfort | Áth Luain | Án Muileann gCearr | An Muileann gCearr |
| 3ú | | An Longfort | Áth Luain | Án Muileann gCearr | An Longfort |
| 4ú | | An Longfort | Áth Luain | Án Muileann gCearr | An Muileann gCearr |

## DÚICHE UIMH. 12

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| 1ú | | Cill Dalua | Inis Díomáin | Inis | Inis |
| 2ú | | Baile Átha an Rí | Inis Díomáin/Cill Rois* | An Sionainn/An Gort** | Inis |
| 3ú | | Inis | Cill Rois | An tSionainn | Inis |
| 4ú | | An Gort | Inis | Inis | Inis |

* Suífidh Cúirt Dúiche **Inis Díomáin** ar an dara Céadaoin i bhFeabhra, Aibreán, Meitheamh, Deireadh Fómhair agus mí na Nollag. Suífidh Cúirt Dúiche. **Chill Rois** ar an dara Céadaoin in Eanáir, Márta, Bealtaine, Iúil, Meán Fómhair agus mí na Samhna.
**Suífidh Cúirt Dúiche na **Sionainne** ar an dara Déardaoin in Eanáir, Márta, Bealtaine, Iúil, Deireadh Fómhair agus mí na Nollag. Suífidh Cúirt Dúiche. **An Ghort** ar an dara Déardaoin i bh-Feabhra, Aibreán, Meitheamh, Meán Fómhair agus mí na Samhna
.

## DÚICHE UIMH. 15

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| 1ú | An Tulach Mhór | Cúil an tSúdaire | An Tulach Mhór | Port Laoise | |
| 2ú | An Tulach Mhór/ Éadan Doire* | Biorra | An Tulach Mhór | Port Laoise | Port Laoise/ An Tulach Mhór** |
| 3ú | Biorra | Port Laoise | An Tulach Mhór | Port Laoise | Port Laoise |
| 4ú | Éadan Doire | | An Tulach Mhór | Port Laoise | Port Laoise |

* Suífidh **an Tulach Mhór** ar an dara Luan i bhFeabhra, Aibreán, Meitheamh, Meán Fómhair agus mí na Samhna. Suífidh . **Éadan Doire** ar an dara Luan in Eanáir, Márta, Bealtaine, Iúil, Deireadh Fómhair agus mí na Nollag. **Suífidh **Port Laoise** ar an dara Aoine in Eanáir, Márta, Bealtaine, Iúil, Deireadh Fómhair agus mí na Nollag. Suífidh. Suífidh **an Tulach Mhór** ar an dara Aoine i bhFeabhra, Aibreán, Meitheamh, Meán Fómhair agus mí na Samhna.

## DÚICHE UIMH. 21

| | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| 1ú | | Cluain Meala | Dún Garbhán | Carraig na Siúire | Eochaill |
| 2ú | | Cluain Meala | Dún Garbhán | An Caiseal | An Lios Mór |
| 3ú | | Cluain Meala | Caiseal | Carraig na Siúire | Eochaill |
| 4ú | | Cluain Meala | Dún Garbhán | An Caiseal | Cluain Meala |

# TEACH CÚIRTE AR TAISPEÁINT DON TSEACHTAIN OIDHREACHTA

**Tsclaíodh don phobal an teach cúirte, a bhí athchóirithe go hiontach, i Sráid Washington mar chuid den tSeachtain Oidhreachta le déanaí. Bhí foireann Chúirt Chuarda Chorcaí ann chun turais treoraithe den fhoirgneamh a chur ar fáil. D'éirigh go hiontach leis an imeacht agus d'fhreastail os cionn 130 duine air. Ba é seo an chéad ócáid ar ghlac Cúirt Chuarda Chorcaí páirt sa chlár.**

Is imeacht bhliantúil atá sa tSeachtain Oidhreachta arna comhordú ag an gComhairle Oidhreachta le tacaíocht ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Gach bliain bíonn go leor eagraíochtaí náisiúnta agus na céadta eagraíochtaí pobail áitiúla a ghlacann páirt ann trí imeachtaí a eagrú ar fud na tíre. Is í an phríomhaidhm ná feasacht maidir le hoidhreacht tógtha, nádúrtha agus chultúrtha na hÉireann a fhorbairt chun a cothú agus a caomhnú a spreagadh.

Bhí an t-aiseolas ón imeacht an-dearfach le go leor daoine ag rá go raibh an turas den teach cúirte ar an gcuid is fearr dá dturas de shuíomhanna oidhreachta Chorcaí. Thosaigh Dave Power ó oifig Chorcaí an turas i seomra cúirte a haon, ag treorú na ndaoine chuig na cillíní thíos agus ar fud an fhoirgnimh. Bhí Richard O'Connor (Cúirt Chuarda Chorcaí) agus Michael Goulding (Oifig Réigiúnach an Deiscirt) ann freisin chun cabhrú leis na cuairteoirí.





*Reáchtáil Coiste Teicneolaíochta an Chumainn Dlí cúrsa d'aturnaetha le déanaí dár teideal "Cruthaigh an ceangal - úsáid an idirlín do Aturnaetha" in Institiúid Teicneolaíochta Shligigh. Bhí ceardlann arna cur i láthair ag Angela Denning, Cláraitheoir na hArd-Chúirte, ar chuid de na seirbhísí ar líne atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna* **www.courts.ie** *- an Dialann Dlí, áis chuardaigh na hArd-Chúirte agus bunachar sonraí Breithiúnais mar chuid den chlár.*

*Sa phictiúr thuas tá; (Clé - Deas) Líne Chúil: John Furlong, Tony Brady, Veronica Donnelly, Frank Nowlan, Raymond Smith. Líne thosaigh: Patrick Madigan agus Angela Denning*

# Tá Clostaifeadadh Digiteach tagtha

**Athróidh an modh taifeadta fianaise sna míonna amach romhainn le teacht an chlostaifeadta dhigitigh. Thosaigh an chéad chuid de na córais nua ag feidhmiú i gCúirteanna Coiriúla Cuarda 15, 23, 25 agus 29 sna Ceithre úirteanna i rith na céad coicíse de Dheireadh Fómhair mar a mhíníonn Bainisteoir Tionscadail ár Stiúrthóireachta TFC, Darach Green:**

Tá an clár forfheidhmithe bunaithe ar roinnt catagóirí. Is iad na cúirteanna a rangaíodh mar 'Catagóir 1' na céad chinn a gheobhaidh na córais nua. Is iad sin ná an Phríomh-Chúirt Choiriúil, an Chúirt Choiriúil Speisialta, an Ard-Chúirt, an Chúirt Dlí Teaghlaigh agus na Cúirteanna Cuarda ina mbíonn gnó coiriúil ar bun.

Tar éis thriail phíolótach rathúil idir Aibreán agus Iúil, rinneadh uasghrádú ar chórais fuaime in 12 de na cúirteanna sna Ceithre Cúirteanna chun iad a réiteach i gcomhair insealbhú chlostaifeadadh digiteach. Tá obair chomhchosúil ar bun anois in ionaid chúirte réigiúnacha. Tá taifead na cúirte á thógáil sna cúirteanna seo anois ag úsáid taifeadadh digiteach fuaime agus nótaí mínithe in éineacht leo. Tá taifeadadh digiteach fuaime sceidealta chun dul i mbun oibre i gCúirt 24 sna Ceithre Cúirteanna, Baile Átha Troim, Ros Comáin, Leitir Ceanainn, Bré agus Sráid Washington i gCorcaigh roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair. Cuirfear an córas i bhfeidhm sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus san Ard-Chúirt Dlí Teaghlaigh i mí na Samhna.

I measc na gcúirteanna eile atá sceidealta chun an córas a chur i bhfeidhm iontu i mí na Samhna agus mí na Nollag tá an Nás, Baile Dhún na nGall agus Port Laoise. Cuirfear i bhfeidhm é i ngach cúirt eile i 'gCatagóir 1' chomh luath is a bheidh uasghrádú déanta ar a gcórais fuaime. Táthar ag súil go mbeidh an obair seo curtha i gcrích roimh an Nollaig.

Tá sé i gceist againn taifeadadh digiteach fuaime a chur i bhfeidhm sna cúirteanna eile go léir sna Ceithre Cúirteanna, i dTeach an Fhionnuisce, agus ag Sráid Bowes. Táimid ag glaoch cúirteanna 'Catagóir 2' ar na cúirteanna seo. Cuirfimid taifeadadh digiteach fuaime i bhfeidhm sna cúirteanna go léir in Ollionad na gCúirteanna Coiriúla freisin nuair a thosóidh sé ag feidhmiú.

*Meabhrúchán faoi na háiteanna ina bhfuil taifeadadh digiteach fuaime i bhfeidhm go dtí seo:*

| Contae | Teach Cúirte | Seomra Cúirte | Dlínse |
|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | na Ceithre Cúirteanna | 25 | Cuarda |
| Baile Átha Cliath | na Ceithre Cúirteanna | 15 | Cuarda |
| Baile Átha Cliath | na Ceithre Cúirteanna | 23 | Cuarda |
| Baile Átha Cliath | na Ceithre Cúirteanna | 29 | Cuarda |



**Sheol an tSeirbhís Chúirteanna Córas Cuntasaíochta Nua na gCúirteanna le déanaí a thugann deis do dhaoine fíneálacha a íoc tríd an idirlíon, íocaíochtaí dlí teaghlaigh a íoc go leictreonach, agus roinnt táillí cúirte a íoc ar líne nó le cárta creidmheasa ar an teileafón. Insíonn Gerry Curran tuilleadh dúinn:**

# Fíneálacha Ar Líne

## CUNTASAÍOCHT AR SON AN CHEARTAIS

To traidisiúnta, íocadh fíneálacha le seic nó le hairgead tirim chuig an oifig inar gearradh an fhíneáil. De réir mar a d'aistrigh níos mó daoine ó sheicleabhar go hairgead tirim, cártaí léasair agus creidmheasa, d'éirigh sé ciotach fíneáil a íoc agus bhí ar dhaoine turas a dhéanamh chuig an oifig chun í a íoc le hairgead tirim.

Tá os cionn 40 oifig Cúirte Dúiche ag an tSeirbhís Chúirteanna atá lonnaithe ar fud na tíre. Feidhm thábhachtach amháin atá ar bun ag na hoifigí seo ná bainistíocht agus próiseáil os cionn 700,000 idirbheartaíocht airgeadais in aghaidh na bliana, a bhfuil luach de €80 milliún acu. Tá fíneálacha, bannaí agus costais chothabhála dlí teaghlaigh i gceist sna hidirbheartaíochtaí seo.

San am atá caite, rinneadh na hidirbheartaíochtaí seo a phróiseáil agus cuntas a choinneáil orthu ag úsáid córais chuntasaíochta láimhe neamhspleácha i ngach oifig. Bhí na córais seo dian ar shaothar agus neamhéifeachtach. Chuir siad srian suntasach ar an méid feabhais a d'fhéadfaí a chur ar sheirbhís do chustaiméirí, go háirithe maidir le rogha chustaiméirí maidir le roghanna íocaíochta chomh maith le caighdeán agus tráthúlacht na seirbhíse. Bac a bhí iontu freisin maidir le cloí le tionscnaimh ríomhRialtais. Ní hamháin gur féidir modhanna íocaíochta níos furasta a úsáid sa chóras nua cuntasaíochta seo ach cuirfidh sé leis an líon éifeachtúlachtaí don tSeirbhís Chúirteanna maidir le ham agus airgead a shábháil, agus maidir le rianú agus bailiú fíneálacha.

- Tugann gach feabhas 5% sa ráta bailithe fíneálacha €1.75 milliún isteach
- Sábhálfar os cionn €1 milliún go bliantúil in uaireanta oibre.

Tá an gcóras curtha i bhfeidhm ar bhonn píolótach le cúpla mí anuas agus tá sé ag feidhmiú go hiomlán i gcúig ionad déag anois, na móríonaid uirbeacha daonra ina measc. Tá sé le tabhairt isteach in dhá ionad breise an mhí seo agus cuirfear i bhfeidhm go náisiúnta é sa bhliain atá amach romhainn. Dúirt Stiúrthóir Airgeadais na Seirbhíse Cúirteanna Seán Quigley ag an seoladh "Cuirfidh an córas nua seo ar ár gcumas rogha agus rochtain éasca a chur ar fáil d'úsáideoirí na gcúirteanna ar fud na tíre maidir le hidirbheartaíochtaí airgeadais leis na cúirteanna. Beidh sé níos furasta fíneálacha a íoc agus brostóidh sé íocaíochtaí i réimse an dlí teaghlaigh. Tugann an córas seo rochtain láithreach ar tháillí a íoc ag úsáid *Éilimh Bheaga Ar Líne* agus cuireann sé ar ár gcumas airgead bannaí a aisíoc go huathoibríoch chomh luath is atá cás críochnaithe. Ní hamháin gur infheistíocht inár seirbhís do shaoránaigh atá ann, ach beidh éifeachtúlachtaí maidir le ham agus costas mar thoradh air freisin."

Tá aitheantas faighte ag an tionscnamh seo cheana féin agus fuair sé Gradam Sármhaitheasa sa tSeirbhís Phoiblí de chuid an Taoisigh le déanaí.

Tá an córas CAS i bhfeidhm sna limistéir seo a leanas: Baile Átha Cliath, cathair Chorcaí, cathair na Gaillimhe, cathair Luimnigh, Port Láirge, an Nás, Baile Átha Troim, Muineachán, Cabhán, Droichead Átha, Sligeach, Bré, Caisleán an Bharraigh, Loch Garman agus an Longfort Tá sé sceidealta tús a chur leis an gcóras nua san Aonach agus i nDurlas an mhí seo.

Tá an-úsáid á bhaint as an gcóras seo sna limistéir ina raibh an scéim phíolótach á reáchtáil, le 70% de dhaoine ag úsáid aistriú leictreonach d'íocaíochtaí dlí teaghlaigh agus 46% ag úsáid an idirlín chun táillí éilimh bheaga a íoc ar líne. Bhí 1,321 duine tar éis an córas a úsáid chun €320,000 i bhfíneálacha a íoc sula raibh an córas nua fógartha fiú amháin.

# Tuiscint a fháil ar an Acht um an Dlí Teaghlaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008



**Tugann an tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008 roinnt forálacha isteach a bheidh tionchar acu ar obair na gcúirteanna. San alt seo, díríonn Noel A. Doherty isteach ar na forálacha a bhfuil tionchar acu ar oibriú na gcúirteanna, forálacha a bhfuil tionchar acu ar Choistí Rialacha na gCúirteanna, agus iad siúd a bhfuil tionchar acu ar ailt áirithe d'Acht na nGiúiréithe, 1976 san áireamh:**

Tá roinnt forálacha go bhfuil tionchar acu ar gach dlínse. Déantar foráil in alt 26 do pháirtí in imeachtaí sibhialta nó d'fhinné páirt a ghlacadh trí nasc teilifíse beo. Sula dtreoróidh an chúirt páirtíocht den chineál seo, ní mór dó a bheith sásta go bhfuil áiseanna ar fáil a chuirfidh ar chumas an pháirtí nó an fhinné na himeachtaí ag an éisteacht a fheiceáil agus a chloisteáil agus a bheith feicthe agus cloiste acu siúd atá i láthair sa seomra cúirte ina bhfuil an éisteacht ar siúl.

Déanann alt 27 foráil gur féidir le cúirt ordú a dhéanamh, maidir le páirtí nó le finné in imeachtaí sibhialta a bhfuil riocht sláinte air/uirthi, ag cur cosc ar fhoilsiú nó chraoladh aon ábhar a bhaineann leis na himeachtaí a d'fhéadfadh an páirtí nó finné a aithint mar dhuine a bhfuil an riocht sin air/uirthi. Ní mór iarratas faoin alt seo a dhéanamh chuig an mbreitheamh i ndlísheomra. Déanann alt 28 foráil do pháirtí, abhcóide nó aturnae atá dall nó caoch duine a bheith in éineacht leo le linn imeachtaí os comhair cúirte chun aon tacaíocht a theastaíonn uathu a chur ar fáil, faoi réir threoir ón gcúirt. Ní mór don duine atá ag cur na tacaíochta seo ar fáil cloí le treoracha na cúirte agus ní bheidh aon cheart éisteachta aige/aici sna himeachtaí.

Déanann alt 31 leasú ar alt 40 den Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004 chun cead a thabhairt do dhuine atá údaraithe chun tuairiscí a dhéanamh faoi alt 40 (tuairiscí faoi imeachtaí dlí teaghlaigh) rochtain a fháil ar dhoiciméid cuí, faoi réir aon treorach ón gcúirt. Clúdaíonn doiciméid chuí na doiciméid tosaigh, pléadálacha (lena n-áirítear téarmaí socraíochta) a tugadh i láthair nó a lóisteáladh leis an gcúirt, agus orduithe cúirte sna himeachtaí ach ní chlúdaíonn sé doiciméid a dúradh a bheith "gan dochar" nó téarma eile le ciall chomhchosúil.

### Doiciméid a sheirbheáil

Déanann alt 16 leasú ar alt 7 d'Acht na gCúirteanna, 1964 chun foráil a dhéanamh gur féidir seirbheáil de dhoiciméad Cúirte Cuarda nó Cúirte Dúiche a dhéanamh, taobh istigh de shainmhíniú alt 7, trí sheirbheáil phearsanta ar bhealach a bheidh forordaithe ag rialacha cúirte chomh maith le trí phostas cláraithe nó sheirbheálaí toghairme. Déanann an t-alt foráil freisin gur féidir seirbheáil a dhéanamh trí

bhealach eile a fhorordóidh rialacha na cúirte freisin.

Déanann alt 24 leasú ar alt 23 d'Acht na gCúirteanna, 1971 chun foráil a dhéanamh gur féidir le Coiste Rialacha na nUaschúirteanna bealaí sa bhreis orthu siúd atá forordaithe cheana féin in alt 23 a fhorordú chun seirbheáil de dhoiciméid uaschúirte a dhéanamh a fhorordú.

**An Chúirt Dúiche**

Tá roinnt forálacha gur fiú a thabhairt faoi deara a bhfuil tionchar acu ar oibríochtaí na Cúirte Dúiche. Déanann alt 23 leasú ar ailt 13A agus 14 d'Acht na gCúirteanna, 1971 chun foráil a dhéanamh gur féidir ordú (seachas ordú atá ag seoladh cúisí ar aghaidh chuig triail) agus barántas (seachas barántas cuardaigh agus barántas atá ag seoladh cúisí ar aghaidh chuig triail) a bheith sínithe ag (a) breitheamh ar bith sa Chúirt Dúiche a shanntar don limistéar Cúirte Dúiche ina ndearnadh an t-ordú nó inar eisíodh an barántas nó (b) aon chléireach cúirte dúiche a shanntar don limistéar Cúirte Dúiche ina ndearnadh an t-ordú nó inar eisíodh an barántas. Déanann alt 25 d'Acht 2008 aisghairm ar alt 20(4) den 'Petty Sessions Act', 1851, a d'éiligh ar Bhreitheamh Dúiche an fhianaise a thabhairt faoi deara má d'iarr ceann de na páirtithe air é sin a dhéanamh. Déanann alt 32 leasú ar alt 11 d'Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995 chun foráil a dhéanamh nach rachaidh an uaslíon breithiúna sa Chúirt Dúiche thar 63, an tUachtarán san áireamh.

**Cláraitheoirí Contae ag feidhmiú a gcumhachtaí go comhthráthach sa chontae céanna**

Tá leasú á dhéanamh ar Alt 9 den Acht Oifigigh Cúirte, 1945 le halt 20 d'Acht 2008 chun foráil a dhéanamh gur féidir le Cláraitheoir Contae atá i mbun dualgais Chláraitheoir Contae eile na dualgais seo a chomhlíonadh go comhthráthach leis an gCláraitheoir Contae. Déanfaidh an t-alt seo éascú ar fheidhmiú réimeas nua Dhul chun cinn na gCásanna Dlí Teaghlaigh sa Chúirt Chuarda i gcontaetha ina bhfuil ualach ard cásanna. Cuireadh tús leis an réimeas nua seo ar an 1ú Deireadh Fómhair 2008 *(féach leathanach 4)*.

**Coistí Rialacha na Cúirte**

Déanann ailt 20 agus 21 roinnt athruithe maidir le comhdhéanamh Choiste Rialacha na nUaschúirteanna agus Choiste Rialacha na Cúirte Cuarda, faoi seach. Beidh Cláraitheoir na Cúirte Uachtaraí mar bhall ex officio de Choiste Rialacha na nUaschúirteanna agus ainmneoidh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna Cláraitheoir Contae seachas Cláraitheoir Contae Bhaile Átha Cliath chuig Coiste Rialacha na Cúirte Cuarda. Leanfaidh Cláraitheoir an Chontae do Bhaile Átha Cliath ar aghaidh ag feidhmiú mar bhall ex officio den choiste sin.

Déanann an tAcht foráil ag alt 18 go gcuirfidh an tSeirbhís Chúirteanna tacaíocht rúnaíochta, cléireachais agus riaracháin ar fáil do Choiste Rialacha na nUaschúirteanna, Coiste Rialacha na Cúirte Cuarda agus Coiste Rialacha na Cúirte Dúiche. Beidh an tacaíocht seo á chur ar fáil tríd an Stiúrthóireacht Athchóirithe agus Forbartha.



**Giúiréithe**

Déanann Cuid 6 den Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008 roinnt leasuithe ar Acht na nGiúiréithe , 1976. B'fhéidir gur é an ceann is tábhachtaí daoibh seo ná cealú an uasteorainn aoise i gcomhair iontaofachta chun seirbheáil ar ghiúiré. Tá duine a ghlaoitear i gcomhair seirbhís giúiré fós i dteideal a bheith saor ó sheirbhís sa chás go bhfuil sé nó sí os cionn 65 bliana d'aois. Tá athrú tábhachtach eile le fáil sa Chéad Sceideal d'Acht na nGiúiréithe. Tá an sainmhíniú a bhí ar an gcatagóir "Daoine éagumasacha", is é sin "Duine atá neamhfheidhmiúil, toisc nach bhfuil sé sách maith ag léamh, go bhfuil sé bodhar nó faoi bhuan-éiglíocht eile, fónamh ar ghiúiré" bainte as agus catagóir "Daoine eile" leis an sainmhíniú "Daoine ar a bhfuil— (a) éagumas chun léamh, nó (b) mallachar marthanach a fhágann nach bhfuil sé indéanta dóibh dualgais giúróra a chomhlíonadh" curtha ina áit. Ní aon athrú tagtha ar an gcatagóir "Daoine éagumasacha" eile atá sa Chéad Sceideal. Déanann alt 55 leasú ar alt 11 d'Acht na nGiúiréithe. Is í an éifeacht atá ag an leasú seo ná rogha a thabhairt gur féidir leis an gCláraitheoir Contae feidhm a bhaint as chun painéil ar leith a dhéanamh don Phríomh-Chúirt Choiriúil agus don Chúirt Chuarda nó painéal amháin a dhéanamh don dá chúirt. Déanfaidh sé seo éascú ar fheidhmiú Ollionad Nua na gCúirteanna Coiriúla, a bheidh limistéar tionóil giúiré amháin ann agus ba chóir go ndéanfadh sé éascú freisin ar shuíonna den Phríomh-Chúirt Choiriúil a bhíonn ag suí go rialta anois taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Tá leasú á dhéanamh ar alt 12 freisin a chiallaíonn gur féidir glao ar dhuine a roghnaíodh mar ball de ghiúiré chuig áit (limistéar fáiltithe) nach cúirt é, rud a dhéanfaidh éascú freisin ar fheidhmiú an ollionaid nua. Tá leasú déanta ar alt 25 d'Acht 1976 chun foráil a dhéanamh gur féidir le giúróirí leanúint ag scaradh óna chéile go dtí go n-imíonn siad chun a gcinneadh a mheas (seachas má thugann an breitheamh treoir eile). Is féidir leis na giúróirí scaradh óna chéile tar éis dóibh imeacht chun a gcinneadh a mheas, ach tá sé seo teoranta do thréimhsí a threoraíonn an breitheamh amháin.

Déanann Ailt 60 go dtí 63 leasú ar ailt 34 go dtí 37 d'Acht na nGiúiréithe trí mhéadú faoi deich a dhéanamh ar an méid gur féidir a ghearradh mar fhíneáil ar choireanna faoi Acht na nGiúiréithe.

Cuirfear tús le Cuid 6 ar an 1ú Eanáir 2009. Is féidir an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008 a fheiceáil ar *www.oireachtas.ie*



*Banna na nGardaí ag seinm roimh oscailt oifigiúil Theach Cúirte Bhaile Bhlainséir*

# AN GHRIAN AG SCAIRTEADH THIAR

## - Agus muintir Bhaile Bhlainséir amuigh chun na háiseanna cúirte nua a fheiceáil

*An fhoireann ag oscailt Oifig Chúirt Dúiche Bhaile Bhlainséir (Clé - Deas) Éanna O'hUiginn, Maria Keaveney, Paul Lynch, Mary O'Mara, Freda McElhinney, Tina Haughton & John Molloy*



Ba ar cheannden t-aon chúpla lá grianmhar i mí Iúil a osclaíodh mór-theach cúirte nua do iarthar Bhaile Átha Cliath i mBaile Bhlainséir. Bhí searmanas foirmiúil ar siúl ag marc-aonad agus banna na nGardaí, agus bhí Uachtarán na Cúirte Cuarda, an Breitheamh Matthew Deery, i gceannas ar ghrúpa de bhaill den bhreithiúna agus pearsanra sinsearach na Seirbhíse Cúirteanna a d'fháiltigh roimh an líon mór aíonna. Ba é an tAire Airgeadais, an tUasal Brian Lenihan T.D., an príomh-aoi a bhí ann.

Tá rochtain áitiúil lánaimseartha ag bruachbhailte Iarthar Bhaile Átha Cliath ar áiseanna cúirte iomlána anois, os rud é go bhfuil an chúirt féin agus na hoifigí cúirte lonnaithe i limistéir lár an bhaile. Ciallóidh sé seo gur féidir éilimh bheaga, fíneálacha agus cúrsaí an dlí teaghlaigh a láimhseáil go háitiúil. Beidh an Chúirt Leanaí ag suí anseo freisin.

Déileálfaidh an Chúirt Dúiche le cásanna a thagann chun cinn i gceantar Iarthar Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear Baile Bhlainséir, Cluain Saileach, Mullach Eadrad, Baile an Chairpintéaraigh agus

Caisleán Cnucha. Cuirfidh rochtain áitiúil ar an gcúirt feabhas mór ar an scéal d'fhinnéithe agus do ghardaí. Ní bheidh orthu taisteal chuig lár na cathrach a thuilleadh - b'fhéidir ar roinnt ócáidí - le go ndéileálfar le cásanna. Beidh na gardaí in ann níos lú ama a chaitheamh ag taisteal isteach sa chathair agus níos mó ama a chaitheamh ina ndúiche áitiúil.

Ag oscailt teach na cúirte dúirt an tAire Lenihan''Tá daonra níos airde ag Baile Bhlainséir ná mar atá ag roinnt de na contaetha. Is cuí mar sin go mbeadh áiseanna cúirte den chaighdeán seo ann. Is áis shuntasach a bheidh ann don phobal áitiúil na seirbhísí seo a bheith ar fáil anseo ".

Ag labhairt dó faoi obair fhoirgníochta caipitiúil na Seirbhíse Chúirteanna go dtí seo, a tionscnaimh theicneolaíochta agus a clár nuachóirithe ginearálta - ar baineadh gach ceann acu amach faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006 - dúirt sé nach bhfuil an tSeirbhís sásta stopadh anois, agus tharraing sé aird ar phleananna tosaíochta na Seirbhíse do 67 ionad eile atá le nuachóiriú nó atá le tógáil as an nua faoin gClár Náisiúnta Forbartha 2007-2013.

"Is sampla atá sa chineál athchóirithe agus nuálaíochta seo dá bhfuil á chur chun cinn ag an Rialtas ar fud na seirbhíse poiblí. Léiríonn sé cur chuige an bhreithiúna agus taispeánann sé gur eagraíocht í an tSeirbhís Chúirteanna a bhfuil tuiscint iomlán aici ar an réaltacht atá os comhair an tsaoil ina bhfeidhmíonn sí agus an pobal ar a bhfuil sé ag freastal. Ón uair a bunaíodh í tá an tSeirbhís an-fhorásach maidir le modhanna agus cur chuige nua a ghlacadh.

Ag an oscailt, dúirt an tUachtarán Deery: Anois go bhfuil cúirt agus oifig cúirte áitiúil anseo i mBaile Bhlainséir, beidh sé ar chumas dhaoine éilimh bheaga, cúrsaí an dlí teaghlaigh agus íoc fíneálacha a láimhseáil go háitiúil, agus ní bheidh orthu dul isteach sa chathair dá leithéid a thuilleadh".



*An tAire Airgeadais, an tUasal Brian Lenihan, T.D., á oscailt*

# Áiseanna ag Baile Bhlainséir Teach na Cúirte

Cuimsíonn an tsaoráid chúirte dhá sheomra cúirte ina n-éisteofar leis an gCúirt Dúiche, leis an gCúirt Leanaí, le héisteachtaí an dlí teaghlaigh agus le trialacha giúiré na Cúirte Cuarda. Tá an réimse iomlán na seirbhísí a bhítear ag súil leo agus a sholáthraítear i ngach teach cúirte athchóirithe nó nua clúdaithe ann freisin. Tá na háiseanna feistithe le cáblaí don teicneolaíocht físchomhdhála is déanaí, nasc físeáin agus seomra i gcomhair cian-fhianaise a fháil ó leanaí nuair a éilíonn an chúirt é.

### Rochtain Áitiúil a Sholáthar ar na Cúirteanna

Léiríonn teach cúirte Bhaile Bhlainséir a thuilleadh dul chun cinn i straitéis leanúnach na Seirbhíse Cúirteanna de chúirteanna agus oifigí cúirte chúrsaí an dlí teaghlaigh agus saoráidí a chur ar fáil sna bruachbhailte atá tar éis éirí aníos ar feadh chrios comaitéireachta mhéadaitheach chathair Bhaile Átha Cliath.

Mar gheall ar chomh maith is a d'éirigh leis an tionscadal seo, úsáidfear mar mhúnla é chun tithe cúirte agus oifigí nua a sholáthar i Sórd agus i dTamhlacht, áit ina bhfuil an tSeirbhís Chúirteanna ag lorg suíomhanna go gníomhach i gcomhair saoráidí mar seo. Tá oifigí agus cúirteanna áitiúla i bhfeidhm i nDún Laoghaire agus i mBré cheana féin. Tá pleananna ar bun chun teach cúirte nua a sholáthar do Thuaisceart Chill Dara le freastal ar dhaonraí cheantair Mhaigh Nuad, Léim an Bhradáin, Chill Choca agus Chill Droichid.

Is í aidhm na dtionscadal seo ná an comhchruinniú traidisiúnta d'áiteanna ina ndéantar idirghníomh idir an pobal agus na seirbhísí Stáit a bhogadh amach ó lár na cathrach agus na fadhbanna iompair agus tráchta a bhaineann leo a mhaolú dá réir.

Bhain mórchrios comaitéireachta Bhaile Átha Cliath tairbhe as an straitéis seo le saoráidí feabhsaithe nó nua sa Longfort, sa Tulach Mhór, i bPort Laoise, i mBaile Átha Troim, i mBaile Átha Fhirdhia agus i nDún Dealgan.

Léiríonn staitisticí go dtarlaíonn formhór de thimpistí san ionad oibre mar thoradh ar ghníomhartha contúirteacha seachas coinníollacha contúirteacha. Mar sin, tá ciall sábháilteachta lárnach chun timpeallacht oibre shábháilte a bhaint amach. Glac leis an mana - 'Mura bhfuil sé sábháilte, ná déan é', a scríobhann an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta **Eva Font**.

# Bí aireach ag an obair




Tá sábháilteacht gach fostaí ag an obair mar cheann de luachanna lárnacha na Seirbhíse Chúirteanna. Ní mór don fhreagracht as timpeallacht shábháilte agus shláintiúil a chruthú a bheith roinnte go cothrom idir gach ball foirne sa tSeirbhís Chúirteanna. Is minic go bhfeictear sláinte agus sábháilteacht mar fhreagrach dhuine éigin eile, ach ba chóir go bhfeicfí é mar chuid riachtanach den timpeallacht oibre laethúil. Is minic go dteastaíonn spreagadh éigin ó dhaoine sula dtosaíonn siad ag léiriú suime in ábhar cosúil le Sláinte agus Sábháilteacht, áfach. Is féidir le timpistí san ionad oibre tarlú ar go leor cúiseanna éagsúla. Is minic go dtarlaíonn timpistí toisc nár úsáideadh trealamh go cruinn agus nár leanadh nósanna imeachta sábháilteachta. Cuid de na cúiseanna eile a bhíonn i gceist ná ceal oiliúna, pleidhcíocht, leadrán, cleachtadh agus deifir. Is féidir le timpistí tarlú mar gheall ar limistéir oibre mhíshlachtmhara freisin. Feictear timpeallachtaí oifige mar thimpeallachtaí oibre sábháilte. Tá sé seo fíor den chuid is mó, ach tarlaíonn timpistí in oifigí, gortuithe don droim, ballnaisc stróicthe, gearrthacha agus dónna ina measc.

Cé go bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh bainisteoirí bainistiú ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta a bhfuil tionchar acu ar a rannóg féin agus ar na fostaithe atá á maoirsiú acu, táthar ag súil go mbeidh daoine aonair páirteach in aithint, díothú agus smachtú guaiseacha a bhfuil smacht acu orthu. Ba chóir do gach duine iarracht a dhéanamh gach céim réasúnach a ghlacadh chun iad féin a iompar ar bhealach nach gcuirfidh iad féin, baill foirne eile, ná cuairteoirí chuig foirgnimh cúirte, i mbaol.

Ní mór do fhoireann oibre níos mó feasachta a bheith acu maidir lena dtimpeallacht féin agus a bheith ábalta na guaiseacha a bheadh mar chúis le timpistí a aithint agus iad a thuairisciú don duine cuí. Ná fan go dtí go bhfuil sé ró-dhéanach, gníomhaigh sula dtarlaíonn rud éigin duitse nó dod' chomhghleacaithe. Is féidir le foireann oibre ciall sábháilteachta a bheith acu trí na noda seo a leanas a leanúint.

Bíodh dearcadh maith agat maidir le sábháilteacht - bí diongbháilte faoi dhíobháil duit féin nó dod' chomh-oibrithe a sheachaint. Bí ar an airdeall maidir le contúirtí a d'fhéadfadh a bheith ann, agus aithin, ó do thaithí féin agus ó thaithí dhaoine eile, céard a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le timpiste. An rud is tábhachtaí ar fad ná ciall choiteann a úsáid.

Tá a gcuid freagrachtaí féin ag an bhfoireann maidir le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre. Ba chóir duit deimhin a dhéanamh de go bhfuil an Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach dod' shuíomh oibre feicthe agat (tuilleadh thíos maidir leis seo). Mura bhfuil na beartais, na caighdeáin agus na cleachtais oibre i do rannóg ar eolas agat, ní bheidh tú in ann oibriú go sábháilte. Chomh

maith leis sin, tá sé tábhachtach fios a bheith agat cé ar cóir teagmháil a dhéanamh leo i gcás saincheist sláinte agus sábháilteachta. Féach an bhfuil do limistéar oibre féin sábháilte agus slachtmhar. Tá sé tábhachtach fios a bheith agat cá bhfuil an fearas garchabhrach - an bhfuil gach rud a theastaíonn ann, an bhfuil fáil air go furasta, agus cé atá oilte i nGarchabhair?

### Ráiteas Sábháilteachta um Beartas Corparáideach agus Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach

Rinneadh Ráiteas Sábháilteachta um Beartas Corparáideach na Seirbhíse Cúirteanna agus an teimpléad den Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach araon a athbhreithniú le déanaí agus tá leaganacha nua anois ar fáil ar Leathanach Sláinte agus Sábháilteachta na Faisnéise Cúirteanna. Cuimsítear faisnéis atá ábhartha iontu agus caithfidh tú am a thógáil chun iad a léamh. Shínigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, P.J. Fitzpatrick, an Ráiteas Sábháilteachta um Beartas Corparáideach athbhreithnithe ar 15 Aibreán 2008 agus seoladh trí ríomhphost é chuig na baill foirne ar 18 Meitheamh 2008.

Beidh Teimpléad den Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach (lena n-airítear an measúnú riosca) comhlánaithe go luath ag gach Oifigeach Sábháilteachta laistigh den tSeirbhís Chúirteanna. Nuair atá sé seo comhlánaithe, cinntigh le do thoil go bhfaigheann tú cóip den Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach a bhaineann le do limistéar oibre. Gan amhras, is í sprioc clár sábháilteachta ar bith in eagraíocht ná deimhin a dhéanamh de go bhfanann fostaithe glan ó dhíobháil ar bith, agus go bhfilleann siad abhaile sábháilte gach oíche.

Tá dualgas ar gach fostaí dóibh féin agus dá chomhghleacaithe iad féin a iompar go freagrach agus beidh timpeallacht oibre againn atá sábháilte agus sláintiúil má dhéantar a leithéid. Seo cuid de dhualgais ghinearálta na bhfostaithe ar fad, mar a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta:

- Comhoibriú le d'fhostóir maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa sa láthair oibre
- Gan a bheith i mbun iompraíochta míchuí ar bith a chuirfeadh do shábháilteacht féin nó sábháilteacht duine eile i mbaol
- Deimhin a dhéanamh de nach bhfuil tú faoi thionchar ag ábhar meisciúil ag leibhéal a chruthaíonn baol duit féin nó do dhaoine eile sa láthair oibre
- Páirt a ghlacadh in oiliúint sláinte agus sábháilteachta á soláthar ag an bhfostóir
- Lochtanna ar bith sa láthair oibre, sa trealamh nó san innealra go bhféadfadh baol a chruthú ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de a thuairisciú
- Cloí leis an reachtaíocht ábhartha maidir le sláinte agus sábháilteacht
- Úsáid Trealamh Cosanta Pearsanra nuair atá a leithéid ar fáil
- Ná cur isteach ar fhearas ar bith d'aon turas ná go meargánta agus ná bain mí-úsáid as, mar aon le héadaí cosanta, áis, trealamh nó acmhainní nó rudaí eile á soláthar ag d'fhostóir

Bítear ag súil go mbeadh an Ráiteas Sábháilteachta um Beartas Corparáideach agus an Ráiteas Sábháilteachta Coimhdeach léite ag fostaithe, agus go gcomhoibreodh siad go hiomlán leis an gclár oiliúna sláinte agus sábháilteachta atá eagraithe ag an mBainisteoir Oiliúna agus go ndéanfaí tionóiscí ar bith sa láthair oibre a thuairisciú do mhaoirseoirí gan mhoill. Cabhraíonn sé a bheith cuiditheach le fiosruithe ar bith a bhaineann le heachtraí sa láthair oibre. Cuimhnigh le do thoil go gcaithfidh d'fhostóir sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe ar fad a chinntiú chomh fada agus atá réasúnta praiticiúil. Mar sin féin, ní féidir leo é seo a dhéanamh dá stuaim féin, agus caithfidh tú féin mar fhostaí do chuid a dhéanamh chun timpeallacht oibre atá sábháilte a chothú agus a chothabháil. Bí cinnte go bhfuil tú eolach ar a bhfuiltear ag súil uait. Mura bhfuil tú cinnte, ní gá ach ceist a chur! Is ar mhaithe leat féin a bheith eolach ar na cúrsaí seo.

*Foilsíodh alt i Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna i mí na Nollag dar teideal 'Sláinte agus Sábháilteacht: Do Cheisteanna Freagartha. Tá an t-alt seo ar fáil anois ar an Leathanach Sláinte agus Sábháilteachta de Fhaisnéis na gCúirteanna.*

## Guaiseacha Oifige

- Díobhálacha de bharr láimhsithe
- Sciorrthaí, tuislí agus titim
- Leictreachas
- Droch-leagan amach ar stáisiún oibre
- Comhdú oifige agus córais stórála
- Áiseanna déanta tae/caife
- Ceimiceáin – ó phrintéirí agus fhótachóipeálaithe
- Droch-bhainistí ghinearálta



*Eagraíonn An Scoil Dlí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (le maoiniú ó Chúnamh Éireann) ceardlanna do Bhreithiúna Sinsearacha Lesotho. Tharla sé seo i mbliana ar an 4 - 6 Lúnasa i Maseru, Lesotho. Bhí foireann de thriúr Breitheamh Éireannach rannpháirteach ann. Sa phictiúr ó chlé go deas tá An Breitheamh Paul Carney, An Príomh Bhreitheamh Lehohla, A Shoilse Rí Lestie III, An tOllamh William Binchy (Scoil Dlí Choláiste na Tríonóide), An Breitheamh Bryan McMahon, An Breitheamh Kevin Haugh agus Michael Aylmer, B.L.*

# Ag Treorú an Bhealaigh



*Finbarr O'Leary, CAAB*

**Tá ról tábhachtach ag an mBord Comhairleach um Achtanna na Leanaí (CAAB) chun comhairle agus treoir a thabhairt don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus don earnáil um chúram leanaí ar chóras feidhmithe na n-achtanna leanaí. Labhraíonn Finbarr O'Leary, Leas-Phríomhfheidhmeannach CAAB, le *Nuachtlitir na Seirbhíse Cúirteanna* ar obair an bhoird óir bunaíodh é.**

Bunaíodh an Bord Comhairleach um Achtanna na Leanaí (CAAB) in Iúil 2007 trí leasú ar Acht na Leanaí 2001. Comhlíontar na feidhmeanna cumasaithe agus comhairleacha atá aige i gcomhthéacs feidhmithe an Achta um Chúram Leanaí 1991 agus Acht na Leanaí 2001.

Déanann bord an CAAB cur síos ar an bhfís atá acu mar fhoráil a dhéanamh do "fhreagairtí comhtháite, seasmhacha agus éifeachtacha do leanaí, atá lárnach d'Achtanna na Leanaí". Is iad an trí chuspóir chorparáideach atá acu ná comhairle agus treoir mhaith a sholáthar don Aire agus don earnáil um chúram leanaí; comhoibriú idir ghníomhaireachtaí a éascú; agus chun bunachar eolais na hearnála a threisiú.

Tá obair comhlánaithe acu don Bhord Seirbhísí Cónaithe Speisialta, áit a bhí sainchúram áirithe roimhe seo sna cúirteanna maidir le coinneáil leanaí. “Tá líon gníomhaireachtaí agus ranna atá rannpháirteach le beartas agus go sonrach le soláthar seirbhísí, ach is é ról an bhoird ná soláthar comhordaithe a chinntiú a thugann gníomhaireachtaí le chéile ionas gur féidir leo a róil ionchasacha a thuiscint agus seirbhísí do leanaí a fheabhsú,” a deir Finbarr O’Leary, leas-phríomhfheidhmeannach CAAB.

Cuimsíonn an bord 12 comhalta atá ceaptha ag an Aire Leanaí. Tá Jacinta Stewart, Príomhfheidhmeannach ar Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath ina cathaoirleach ar an mbord. Chomh maith le triúr shaineolaithe atá ceaptha ag an Aire Leanaí, tá bainisteoirí sinsearacha ó ranna Dlí agus Cirt, Oideachais agus Sláinte ar an mbord chomh maith.

Tá fócas an bhoird dírithe ar imeachtaí cúirte éagsúla a bhaineann le leanaí. Mar shampla, foilsíonn siad critéir maidir le leanaí a thógáil faoi chúram speisialta. Déanann FSS iarratas ar orduithe mar seo tríd an gCúirt Dúiche. Tá sainchúram dlí acu chun leibhéal áirithe saoráidí a chinntiú sna haonaid cúraim speisialta agus i scoileanna coinneála chomh maith. Toisc mian atá ann do bhunú fianaise nuair atá beartas á cheapadh sa réimse leanaí agus sna cúirteanna, leasaíodh Acht 1991 i mBealtaine 2007 leis an riail in camera in imeachtaí cúraim leanaí a mhodhnú chun tuairisciú ar imeachtaí mar seo a cheadú – faoi chúinsí sonraithe agus ag daoine sonraithe.

Ní chuirfí leanbh ar bith in aithne sna tuarascálacha seo. Tá an leasú seo á bhreithniú ag bord CAAB faoi láthair agus an bealach trína bhféadfaidís tuarascálacha mar seo a sholáthar. “Ní bheadh mórán faisnéise [ar imeachtaí cúram leanaí] ach táimid ag brath ar Thuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Cúirteanna 2007 a thugann tuairim dúinn ar líon na n-orduithe cúraim agus na n-orduithe maoirseachta. Táimid ag obair le FSS chomh maith chun staitisticí ábhartha a fháil,” a deir an tUasal O’Leary.

I réimse eile, beidh CAAB ag foilsiú treoirlínte go luath ar ról an chaomhnóra *ad litem* - duine atá ceaptha ag an gcúirt chun caingean dlí a chosaint ar son mionaoisigh nó duine mímheabhrach. In imeachtaí nó éisteachtaí maidir le leanaí faoi chúram FSS, d'fhéadfadh an chúirt daoine mar seo a cheapadh.

“Tá próiseas comhairliúcháin sách sonraithe ar siúl le roinnt míonna anuas. Tá treoir foilsithe acu ar ról an chaomhnóra *ad litem*, na critéir úsáide agus oiliúint agus cáilíochtaí. Bhí an treoir fíor-tháirgiúil maidir le fócas soiléir a thabhairt, ” a deir an tUasal O’Leary.

Tá siad ag obair leis na Gardaí chomh maith i limistéar Bhaile Átha Cliath Thuaidh-Lár maidir le bainistíocht cásanna leanaí a thagann os comhair na gcúirteanna, a mhíníonn an tUasal O'Leary.

“D'fhéadfadh leanbh a bheith os comhair na cúirte agus b'fhéidir cúigear nó seisear Gardaí difriúla ina dteannta, le raon cúiseanna os comhair na cúirte ar feadh tréimhse a mhaireann sé mhí nó mar sin agus nár déileáladh leis na cúiseanna, ach anois tá oifigeach amháin ag déileáil le cásanna mar seo ón tús agus ag cur an t-ábhar le chéile.”

Déanann CAAB cleachtais idirnáisiúnta a scrúdú chomh maith agus bhí siad i láthair ag comhdháil náisiúnta le déanaí a tionóladh i Miami-Dade, Florida. Is ionad próiseála, atreoraithe agus measúnaithe é Ionad Measúnaithe na nÓgánach ag Miami-Dade d'ógánaigh ar bith atá gafa sa chontae. Oibríonn lucht ceartais agus seirbhísí sóisialta le chéile, chun raon iomlán seirbhísí a sholáthar d'ógánaigh sa chóras ceartais.

“Is cineál ionaid ilfhreastail é Miami-Dade do shaincheisteanna leasa agus ceartais ógánach,”a deir an tUasal O’Leary.

Mar a théimid i mbun cló, sonraímid sprioc atá leagtha amach ag an Aire Airgeadais sa Bhuiséad le déanaí chun CAAB a chomhchuimsiú isteach in Oifig an Aire Leanaí sa Roinn Sláinte agus Leanaí, mar chuid de chuíchóiriú na ngníomhaireachtaí Stáit.

***Le tuilleadh faisnéise a fháil tabhair cuairt ar www.caab.ie***

# Tuairiscíonn na Cúirteanna arís
# BLIAIN GHNÍOMHAÍOCHTA AS CUIMSE

## - MAR A LEANANN NUÁLAÍOCHT AG CINNTIÚ GO BHFUIL SEIRBHÍSÍ NÍOS SOFHREAGRAÍ

'Léiríonn ualach oibre na cúirte méaduithe trasna an bhoird' a bhí mar theachtaireacht shoiléir ó Thuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse Cúirteanna 2007 a foilsíodh le déanaí. Chonacthas méadú 15% i gcásanna coiriúla diúscartha i gcaitheamh na bliana - leis an méadú is mó le sonrú i gcionta tráchta, drugaí agus gnéis. Bailíodh os cionn €22 milliún dá thoradh agus gearradh fíneáil ar 114,000 duine, tugadh 23,000 téarma príosúnachta, agus baineadh leas as 4,000 ordú seirbhíse pobail mar mhodhanna le leorghníomh a dhéanamh d'iompraíocht neamhdhleathach. Fuarthas go raibh os cionn 1% de phianbhreitheanna róbhog tar éis an phróisis achomhairc.

Chuir an Príomh-Bhreitheamh, an tUasal John L. Murray an Tuarascáil faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUasal Dermot Ahern T.D. i lár mhí Iúil. Fuair sé mórán airde ón bpobal agus sna meáin an lá dar gcionn agus tá na hábhair tar éis eolas a sholáthar do dhíospóireacht agus plé i mórán réimsí den saol sibhialta. Ina bhrollach don Tuarascáil, dúirt an Príomh-Bhreitheamh, "cuireann Bord, bainistíocht agus foireann na Seirbhíse Cúirteanna ar chumas na mbreithiúna déileáil le riaradh an cheartais agus éifeachtacht a mhéadú ina leith ar go leor bealaí". Dúirt sé ina theannta sin, "is eagraíocht mhór dhíláraithe í an tSeirbhís Chúirteanna a bhfuil freagracht riaracháin aici as timpeall 170 teach cúirte agus ionad cúirte ar fud na tíre. Soláthraíonn a foireann de 1,100 duine raon ollmhór de sheirbhísí agus thacaíocht riaracháin do na breithiúna, don phobal agus d'úsáideoirí na gcúirteanna. Is é ceann de phríomhchúiseanna ár ratha ná toilteanas laethúil na foirne, ar gach leibhéal, ní hamháin chun smaointe agus cleachtais nua a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm ach chun cuid mhór den nuálaíocht sin a thionscnamh iad féin".






*Cuireann an Príomh-Bhreitheamh John L. Murray an Tuarascáil Bhliantúil faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tUasal Dermot Ahern, T.D.*

Labhair an tAire ar dhlúthiarrachtaí agus iarrachtaí leanúnacha na Seirbhíse Cúirteanna maidir le soláthar seirbhísí agus ar mhórán iarrachtaí praiticiúla agus nuálaíochta maidir le nuachóiriú agus seirbhís do chustaiméirí. Mar iar-chleachtóir é féin, dúirt sé go raibh sé "feasach ar éifeachtaí fírinneacha na n-athruithe seo chun feabhas a chur ar an taithí a bhaineann le déileáil leis na cúirteanna". Thagair Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Seirbhíse Cúirteanna, an tUasal P.J. Fitzpatrick do na hiarrachtaí a rinneadh maidir le hathrú a bhainistiú in 2007. "Chun cabhrú linn breis bainistíochta a dhéanamh ar na hathruithe seo go léir i riarachán agus i mbainistíocht na gcúirteanna, tá Clár um Bainistiú Athruithe/Cheannaireacht forbartha againn a dhíríonn ar



*Sa phictiúr ag an seoladh tá (Clé go Deas): Olive Braiden, An Breitheamh Richard Johnson, Uachtarán na hArd-Chúirte agus Elisha D'Arcy*

fhorbairt na foirne agus ar na riachtanais atá ag úsáideoirí na cúirte." Dúirt sé ina theannta sin go bhfuil "roinnt tionscadail mhóra fós lárnach sa chlár seo, Córas Cuntasaíochta na gCúirteanna, an Córas Cuntasaíochta Cistí, an Córas Bainistíochta um Chásanna Sibhialta, an Córas Bainistíochta um Chásanna Coiriúla, Ollionad nua na gCúirteanna Coiriúla, Pleanáil Gnó agus an Córas Bainistíochta agus Forbartha Gníomhúcháin athbhreithnithe, ina measc."

Ag cur na n-iarrachtaí seo i gcomhthéacs níos leithne na Seirbhíse Poiblí agus na n-éifeachtachtaí, dúirt sé "bhí roinnt de na tionscadail nuachóirithe seo san áireamh sa chéad Ráiteas Aschuir Bliantúil uainn, a foilsíodh le linn na bliana. Tá na ráitis seo mar ghné thábhachtach de na bearta Athchóirithe Buiséid agus Meastacháin a fógraíodh in 2006. Léiríonn siad leibhéal nua trédhearcachta agus cuntasachta sa tseirbhís phoiblí agus ligeann siad don Oireachtas iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar phróiseas na Meastachán".

Buaicphointí......

# Clár Nuachóirithe na Seirbhíse Cúirteanna

- Cuirtear feabhas ar rochtain ar ár seirbhísí cúirteanna nuair a chuirtear críoch leis an gcéad bhliain iomlán de sheirbhís na nÉileamh Beag ar Líne ag láithreáin phíolótacha agus críochnaítear obair fhorbartha ar áis chuardaigh phoiblí do Chóras Rianaithe Cáis na hArd-Chúirte.
- Soláthraíonn ár láithreán gréasáin www.courts.ie faisnéis chuimsitheach i raon teangacha, tugadh 1,352,087 cuairt ar an láithreán, agus ainmníodh é mar an Láithreán Gréasáin Is Fearr de Chuid Chomhlachta Stáit ag na dámhachtainí ríomhRialtais
- Tugann suirbhé neamhspleách (le 'ceannaitheoir faoi cheilt') agus staidéar le fios go mba chaidreamh gairmiúil béasach ag bhí ag an bhfoireann in oifigí poiblí agus ar an teileafón 96% den am, agus mheas 91% de na daoine go raibh an fhoireann cúirtéiseach agus thuairiscigh 88% díobh gur thug an fhoireann muinín dóibh as an idirbheart
- Leanann naisc fhíseáin 'Príosúin agus Cúirteanna' ag soláthar físchomhdhálaithe idir cúirteanna agus príosúin. Cuireadh córas isteach i gCúirt Dúiche Luimnigh leis an aidhm d'fhíschomhdháil a thosú idir Cúirt Dúiche Luimnigh agus Príosún Luimnigh ar bhonn píolótach i dtreo dheireadh na bliana 2008.
- Leantar leis an gClár Tógála agus tá os cionn €200 milliún infheistithe anois i dtithe cúirte úrscothacha ar fud na tíre. D'éirigh le Teacht Cúirte na Tulaí Móire sa chatagóir oidhreachta de Dhámhachtain Ailtireachta agus Tógála Opus ag deireadh na bliana.
- Tugadh léargas ar dhlí teaghlaigh mar a chuir Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh, a chuireann staitisticí, treochtaí, breithiúnais agus tuairiscí ar fáil faoi imeachtaí dlí teaghlaigh, críoch lena chéad bhliain i gcló
- Leantar ag obair leis An Garda Síochána chun comhéadan leictreonach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun faisnéis agus sonraí a roinnt go leictreonach idir an dá eagraíocht
- Ullmhaítear dréachtscéim shonrach de rialacha a bhaineann le dul chun cinn cásanna sa Chúirt Chuarda
- Cuirtear pacáiste acmhainní i gcrích do dhaltaí dara leibhéal, Breathnaímis ar an Dlí, chun cur ar chumas mhúinteoirí nach raibh cur amach ar bith acu ar an dlí roimhe seo eolas a thabhairt do dhaoine óga faoin dlí agus faoi chóras na gcúirteanna in Éirinn
- Cuirtear tús leis an obair chun ollionad cúirte coiriúla, ina mbeidh 22 seomra cúirte, a thógáil i mBaile Átha Cliath. Beidh na cúrsaí coiriúla ar fad ag teacht os comhair na gcúirteanna sa chathair ar aon suíomh amháin.
- Bunaítear lároifig cuntasaíochta chun idirbhearta airgeadais uile na Cúirte Dúiche a láimhseáil. Tugann Córas Cuntasaíochta na gCúirteanna deis íocaíochtaí dlí teaghlaigh, táillí agus fíneálacha a íoc ar líne, agus tá tús á chur leis an gcóras sin i mbliana.









*Cuireann Foireann na hOifige Faisnéise fáilte roimh an Aire: (Clé go Deas) Dympna Healy-Clarke, Tony Lawlor, An tAire Dermot Ahern, Eva Avery agus Helen Priestley.*

Cistí na gCúirteanna

# Sáraíonn na sócmhainní arna mbainistiú €1 billiún




Mhéadaigh na sócmhainní iomlána a dhéanann Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Ceartais bainistiú orthu go €1,022 milliún ag deireadh Mheán Fómhair 2007, méadú de €75 milliún ar an mbliain roimhe. De na sócmhainní iomlána arna mbainistiú ag an Oifig, bhí €899.4 milliún infheistithe i gCistí Speictrim a bunaíodh i mí na Nollag 2003 mar chuid de chlár nuachóirithe do bhainistiú agus infheistiú na gcistí cúirte. Bhí méadú €26.3 milliún ann toisc feidhmíocht na holl-infheistíochta. Ba é 3.94% an meántoradh infheistíochta don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2007 (ollmhéid na dtáillí). Bhí feidhmíocht infheistíochta i rith na bliana i leith gach aon cheann de na cúig chiste idir 2.02% (Ciste Airgead Tirim Plus) agus 6.68% (Ciste Fáis) glan ar tháillí.

Buaicphointí......

# Staitisticí d'Oibríochtaí Cúirte

- Bhí méadú 13% ar líon na n-achomharc diúscartha ag an gCúirt Uachtarach in 2007, ó 202 in 2006 go 229 in 2007 agus bhí méadú 25% ar líon na mbreithiúnas forchoimeádta in 2007 thar 2006
- Tharla méadú 26% ar chásanna nua a tugadh os comhair na hArd-Chúirte. 19,435 cás a bhí ann san iomlán. Áirítear leis sin méadú 70% ar chásanna faillí míochaine
- Bhí méadú 73% ar líon na gcásanna nua a iontráladh ar liosta na Cúirte Tráchtála
- Bhí méadú 30% ar chásanna faoin Acht Aturnaetha, suas go 63 i gcomparáid le 48 cás in 2006
- Bhain breis agus 50% (17,481) den 30,435 cás sibhialta nua a eisíodh sa Chúirt Chuarda le sárú conartha/bailiú féich
- Ba thrí Chóras na nÉileamh Beag ar Líne a glacadh le 1,552 nó 41.5% de na hÉilimh Bheaga - de réir mar a rolladh an córas nua amach ar fud na tíre
- Tharla laghdú 17% ar iarratais ar cheadúnais nua le haghaidh tithe tábhairne agus laghdú 36% ar iarratais ar cheadúnais nua le haghaidh beár óstán
- Tharla méadú beagnach 15% in iarratais faoin reachtaíocht um foréigean teaghlaigh, méadú 21% in iarratais ar orduithe cosanta, agus méadú 16% ar orduithe sábháilteachta.




- Tharla méadú 18% ar chásanna dúnmharaithe nó dúnorgana, iad suas go 39 ó 33, agus méadú beagnach 26% ar líon na gcásanna éignithe, suas go 73 ó 58 in 2006.
- Bhain beagnach 25% de na cionta go léir sa Chúirt Choiriúil Chuarda le goid agus robáil. Bhain 21% eile díobh le hionsaithe. Bhain beagnach 14% ar fad le cionta drugaí agus bhí cionta gnéasacha mar bheagnach 12% den iomlán
- Tharla méadú breis agus 15% ar na cásanna coiriúla sa Chúirt Dúiche
- Bhain breis agus leath de na cásanna sa Chúirt Dúiche le cionta tráchta ar bhóithre, mar is iondúil. Déileáladh le 281,641 cás in 2007 agus ba mhéadú breis agus 25% é seo ar fhigiúr na bliana 2006.

# IDIRGHABHÁIL AGUS EADRÁIN

## Moltaí do Chreatlach Ghinearálta Reachtúil

Tá réimse na mBealaí Malartacha um Réiteach Díospóidí (ADR) tar éis a bheith mar ábhar mórán airde agus díospóireachta le déanaí. Díreach roimh shos an tSamhraidh, d'fhoilsigh an Coimisiún um Athchóiriú ar an Dlí páipéar comhairliúcháin ar réimse an ADR. Sheol Breitheamh na hArd-Chúirte, an Breitheamh Onórach Peter Kelly, é. Seo tuairisc ó **Gerry Curran**:



*Sa phictiúr ag seoladh Pháipéar Comhairliúcháin an Choimisiúin umAthchóiriú ar an Dlí ar Bhealaí Malartacha um Réiteach Díospóidí ná (clé go deas): Patricia T Rickard Clarke, Coimisinéir; An Breitheamh Peter Kelly, Breitheamh na hArd-Chúirte; An Breitheamh Uasal Catherine McGuinness, Uachtarán an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí; Nicola White, Taighdeoir Dlí; agus Donal O'Donnell, Coimisinéir.*

Faoin *Tríú Clár um Athchóiriú Dlí 2008-2014*, tá an Coimisiún um Athchóiriú ar an Dlí tiomanta do scrúdú a dhéanamh ar na príomhphróisis a bhaineann le bealaí malartacha um réiteach díospóidí (ADR) agus na heochairphrionsabail ghaolmhara agus chun roghanna a fhiosrú maidir lena leasú. Déanann an páipéar foilsithe 50 moladh sealadach ar ADR, agus go háirithe ar idirghabháil agus eadráin.

### Príomh-mholtaí

Is iad príomh-mholtaí an Pháipéir Chomhairliúcháin ná:

- Ba chóir go mbeadh creatlach ghinearálta reachtúil a shainíonn go soiléir cad is brí le hidirghabháil (comhaontú a éascú go formhór) agus eadráin (comhaontú a éascú agus comhairle do pháirtithe uaireanta faoi réiteach comhaontaithe)
- Ba chóir go mbreathnófaí ar idirghabháil agus eadráin go hiomlán difriúil ó dhlíthíocht, ach ba chóir go mbeidís áirithe mar chuid de sheirbhís ceartais shibhialta lena n-áirítear dlíthíocht. Tá ról tábhachtach ag gach próiseas chun riachtanais na bpáirtithe atá rannpháirteach a shásamh agus prionsabail bhunúsacha an cheartais a chomhlíonadh
- Ba chóir go mbeadh eochairphrionsabail na hidirghabhála agus na headrána leagtha amach, lena n-áirítear an nádúr deonach, cumas na bpáirtithe leis an bpróiseas a rialú, an riachtanas maidir le rúndacht, agus an gá atá le follasacht agus rialú cáilíochta an phróisis
- Ba chóir go mbeadh an chúirt ábalta comhaontú a chur i bhfeidhm atá déanta trí idirghabháil nó eadráin
- Ba chóir go mbeadh oiliúint agus creidiúnú idirghabhálaithe bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta atá comhaontaithe, a thógann ar na struchtúir chreidiúnaithe reatha atá cheana féin in Éirinn.

### Samplaí d'úsáid mhéadaithe na hidirghabhála agus na headrána in Éirinn

Scrúdaíonn an Páipéar Comhairliúcháin úsáid mhéadaithe an ADR go hidirnáisiúnta agus in Éirinn trí líon méadaithe na roghanna a chur in iúl atá ar fáil chun cuidiú le díospóidí sibhialta a réiteach. Áirítear na díospóidí seo ina measc: éilimh mhóra tráchtála agus éilimh bheaga tomhaltóra, cliseadh teaghlaigh, díospóidí tionsclaíocha, éilimh leighis agus díospóidí réadmhaoine (go háirithe díospóidí teorann).

Úsáideadh idirghabháil le déanaí i gcás ardphróifíle faoi úinéireacht stráice talún idir dhá theaghlach. Bhí an cás socraithe trí idirghabháil i mí Aibreáin nuair a rinne an Breitheamh Maureen Clark eadráin sa chás. Ar an mbealach céanna, bhí cás in 2006 idir *The Dubliners* agus a lipéad ceirníní, EMI, socraithe trí idirghabháil dhá lá nuair a bhí sé liostáilte don chéad uair ar Liosta Tráchtála na hArd-Chúirte.

Ní chríochnaíonn gach idirghabháil le socrú. Níor éirigh leis an díospóid le déanaí idir chógaiseoirí agus FSS a bheith réitithe trí idirghabháil agus b'éigean dó a bheith tugtha ar ais chun na hArd-Chúirte le haghaidh éisteachta foirmeálta.

### Réiteach tapúil agus costas na hidirghabhála agus na headrána

Sonraíonn an Páipéar Comhairliúcháin go soláthraíonn próisis ADR réiteach tapúil ar dhíospóid shonrach, ach curtha go simplí, níl a leithéid de ruda ann agus próiseas réitigh coinbhleachta atá saor in aisce - malartach nó eile. Nuair atá próiseas réitigh soláthraithe tríd na cúirteanna nó an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh mar shampla, bíonn tromlach an chostais airgeadais nó an costas go léir ar an Stát. Nuair atá idirghabháil phríobháideach i gceist leis an bpróiseas réitigh, bíonn an costas roinnte go minic ar na páirtithe atá rannpháirteach. Sonraíonn an páipéar go mbeidh costais bhreise airgeadais i gceist le cás aonair a théann trí idirghabháil gan rath agus go mbíonn dlíthíocht ag teastáil ar deireadh. Ar an láimh eile, caithfear é seo a chothromú le coigiltis fhéideartha nuair a dhéantar cás casta a idirghabháil go rathúil.

### Moltaí sealadacha

- Déanann an Coimisiún moladh sealadach go dtabharfaí breithniú d'fhoráil reachtúil chun ceadú do chleachtóirí leighis leithscéal agus admháil a dhéanamh agus nach bhfeicfí gur admháil dliteanais atá anseo in éileamh faillí míochaine
- Déanann an Coimisiún moladh sealadach go mbeadh ábhar tuarascálacha idirghabhálaí nó eadránaí srianta go dtí achoimre neodrach ar thoradh na hidirghabhála nó na headrána.

### Iarratas ar aighneachtaí

- Tugann an Coimisiún cuireadh roimh aighneachtaí faoin ábhar ar chóir Cód Cleachtais nó Treoirlínte a thabhairt isteach do dhlíodóirí comhoibreacha sa socrú dlí teaghlaigh
- Tugann an Coimisiún cuireadh roimh aighneachtaí faoin ábhar ar chóir do rialú na n-eadránaithe leanúint ar bhunús neamhreachtúil mar atá i láthair na huaire, faoi réir na bprionsabal atá leagtha amach sa chreatlach reachtúil maidir le hidirghabháil agus eadráin.

**Iarrtar orthu siúd gur mian leo aighneachtaí a dhéanamh é seo a dhéanamh i scríbhinn tríd an bpost chuig an gCoimisiún nó trí ríomhphost chuig info@lawreform.ie faoin 31ú Deireadh Fómhair 2008.**

## Toghadh bhall foirne chuig Bord na Seirbhíse Cúirteanna

Bíonn post an ionadaí foirne ar Bhord na Seirbhíse Cúirteanna ar fáil gach trí bliana. Imíonn téarma oifige an ionadaí reatha as feidhm i Samhain na bliana seo. Le trí bliana anuas, bhí an post seo ag Kevin Fidgeon ó oifig Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath. Tá deis anois ag foireann na Seirbhíse Cúirteanna le ball foirne nua a thoghadh.

Le bheith incháilithe don toghchán, caithfidh an t-iarrthóir a bheith ina bhall foirne ón 9 Lúnasa 2008. D'fhéadfadh Ceardchumann nó Cumann Foirne aitheanta iarrthóir a ainmniú chomh maith, dá stuaim féin nó in éineacht le Ceardchumann nó Cumann Foirne eile. D'fhéadfadh iarrthóir a bheith ainmnithe chomh maith ag 15 ball foirne agus an Páipéar Ainmniúcháin sínithe ag gach duine den ghrúpa. Tionólfar an toghchán ar 9 Samhain 2008, is teideal don Ordú seo.

*Is iad na daoine ainmnithe ná Brian Leonard, Cúirt Dúiche Chaisleáin an Bharraigh agus Martin McCarthy, An Chúirt Uachtarach*. Beidh an toradh in eagrán na *Nollag de Nuacht na Seirbhíse Cúirteanna.*



## Glaoite chun an Bharra

*Leona Smyth (lár), sa phictiúr lena tuismitheoirí Odile agus An Breitheamh Esmond Smyth.*

# Oscailt na Bliana Dlíthiúla nua




*An Breitheamh John L. Murray, an Príomh-Bhreitheamh, agus an Breitheamh TC Smyth, Breitheamh den Ard-Chúirt atá ar scor, tar éis Aifrinn i Séipéal Naomh Michan, Sráid Halston, Baile Átha Cliath*




*(Clé - Deas) An Breitheamh John O'Hagan, an Breitheamh Richard Johnson, Uachtarán na hArd-Chúirte, agus an Breitheamh Peter Smithwick, iar-Uachtarán na Cúirte Dúiche ag Séipéal Naomh Michan, Sráid Halston*



*Ar cuairt ón Albain: (Sa phictiúr ó Chlé go Deas) an Tiarna Brian Gill, Tiarna Cléireach Breithimh na hAlban & an Bhantiarna Kate Gill, an Bhantiarna Bronwen Wheatley & an Tiarna John Wheatley tar éis an Aifrinn*



*Ag glacadh páirte i searmanais oscailte na Bliana Dlíthiúla nua agus le feiceáil thuas ag bronnadh de chuid an Uasail Noel Rubotham, An Stiúrthóir Athchóirithe agus Forbartha, tá toscaireacht ó Chúirt Achomhairc Frostating na hIorua*



*Ag cur tús leis an mBliain Dlíthiúil nua ag seirbhís Eaglais na hÉireann ag Séipéal Naomh Michan, Sráid an Teampaill, tá, ó chlé, an Sár-Oirmhinneach Dermot Dunne, Déan Theampall Chríost; an tAthair Godfrey O'Donnell, ceann Eaglais Cheartchreidmheach na Rómáine; Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, an Comhairleoir Eibhlín Byrne; Briogáidire-Ghinearál Cheann Foirne Cúnta (Tacaíocht) Óglaigh na hÉireann, Chris Moore; Ard-Easpag Bhaile Átha Cliath d'Eaglais na hÉireann, John Neill; Coimisinéir Cúnta na nGardaí, Eddie Rock agus an tArd-Déagánach David Pierpoint (ar dheis ar fad) ón séipéal áitiúil*



*Baill den phobal Ceartais ag fágáil seirbhís Eaglais na hÉireann Naomh Michan. Ó chlé tá an Breitheamh James Paul Mc Donnell, Seán Aylward, Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Breitheamh William Hamill, an Breitheamh Catherine McGuinness, Uachtarán an Choimisiúin um Athchóiriú ar an Dlí agus an tArd-Déagánach David Pierpoint ón séipéal áitiúil.*

# Eagraíochtaí Carthanachta ag fáil Buntáiste

## Ó BHOSCA NA MBOCHT SNA CÚIRTEANNA

Tá 650 eagraíocht charthanachta mórthimpeall na tíre tar éis íocaíocht ó bhosca na mbocht sna cúirteanna a roinnt. Airgead atá ginte ag bosca na mbocht - seo traidisiún sna cúirteanna a tosaíodh roimh bhunú an Stáit - sáraíodh €1,150,000 anuraidh agus cruinníodh €365,000 breise ó 678 cosantóir ar ordaíodh dóibh ranníocaíocht charthanachta a íoc go díreach. Seo tuairisc **Gerry Curran**:

Ia iomláine, fuair eagraíochtaí carthanacha os cionn €1.5 milliún ó bhosca na mbocht agus ó orduithe cúirte ina n-íocann cosantóirí ranníocaíochtaí carthanachta go díreach. Is iad na príomheagraíochtaí carthanachta a fuair airgead ná:

- Cumainn Naomh Uinseann de Pól ar fud an Stáit: €128,500
- Oispísí ar fud na tíre: €78,000
- Carthanais na nGardaí lena n-áirítear Ciste Carthanachta na nGardaí, carthanais riachtanas speisialta na nGardaí, agus iarrachtaí pobail; €60,600
- An ghníomhaireacht chabhrach GOAL: €52,145
- Fondúireacht Jack agus Jill: €27,000
- Eagraíochtaí Carthanachta Ailse: €13,000
- Madraí Treorach do na Daill: €12,600
- Cumainn Lions: €8,400
- Cumann na Croise Deirge: €5,000
- Tionscadal Ché na gCeannathóirí: €4,500
- Samaritans: €4,400
- Trócaire: €3,500
- Eagraíochtaí Carthanachta Chernobyl: €3,000
- Ord Mhálta: €1,000
- Madraí Treorach do Leanaí Uathacha: €500

Bhí cleachtas na gcúirteanna a threoraíonn go n-íoctar airgead isteach i mbosca na mbocht sa chúirt in ionad nó i gcomhar le pionós eile ann roimh bhunú an Stáit. Is cosúil go n-imíonn an cleachtas siar go stairiúil ag fréamhú ó dhlínse na mbreitheamh sa dlí coiteann chun discréid a chleachtadh nuair atá pionós á ghearradh, más ann dá leithéidí, agus/nó coinníollacha eile a ghearradh .i. ranníocaíochtaí chuig bosca na mbocht nó eagraíocht charthanachta áirithe.

Tá sé úsáidte ag Cúirteanna Dúiche don chuid is mó a dhéileálann le cionta coiriúla nach bhfuil chomh tromchúiseach le dlínsí eile. Is féidir éagsúlacht shuntasach a bheith sna méideanna ar leith ag brath ar chumas íocaíochta, pionóis eile atá gearrtha agus nádúr na gcionta.

Tagann an rogha aníos go hiondúil maidir le híoc isteach i mbosca na mbocht sa chúirt nuair nach bhfuil an cion tromchúiseach - agus nach mbeadh pianbhreith choimeádta i gceist. Tá cionta ord poiblí ar na cionta is coitianta ina dtugtar rogha bosca na mbocht do chosantóirí. Áirítear leo sin sáruithe síochána, meisce nó iompar mí-ordúil in áit phoiblí, iompraíocht bhagartha, dhíbhlithe nó mhaslach in áit phoiblí nó teip cloí le treoir ón nGarda Síochána. Bíonn sé uaireanta in úsáid do chionta tráchta ar bhóithre, cionta drugaí don chéad uair nach bhfuil tromchúiseach agus cionta in aghaidh réadmhaoine nó ainmhithe.

Tá mórán cúiseanna agus ócáidí ina mbainfeadh na breithimh leas as bosca na mbocht sa chúirt. B'fhéidir nach raibh an duine cúisithe feicthe os comhair na gcúirteanna cheana féin, b'fhéidir gur phléadáil an duine cúisithe ciontach, b'fhéidir nach mbeadh daorbhreith feiliúnach, nó b'fhéidir go mbeadh drochthionchar aige ar chúrsaí fostaíochta, gairme nó deiseanna oibre thar lear, agus/nó d'fhéadfadh cion beag nó cion nach bhfuil tromchúiseach a bheith i gceist.

Nuair a chuirtear na cúinsí seo in éineacht leis an Probation of Offenders Act, soláthraítear rogha inar féidir breithniú go bhfuil pionós airgeadais áirithe tuillte, ach níl daorbhreith ná fíneáil i gceist. Uaireanta, is féidir lena leithéidí feidhmiú mar phionós i bhfad níos suntasaí nuair a bhíonn luach na fíneála uasmhéide creimthe ag boilsciú.

Mhol an Coimisiún um Athchóiriú ar an Dlí déanach in 2005 go gcuirfí feidhmiú Bhosca na mBocht ar sheasamh reachtúil agus é a nuashonrú i gcomhthéacs an Achta Probháide leasaithe.

# T.F. A DHÉANAMH ÉIFEACHTACH

**Tá tromlach na ndaoine feasach ar fheachtas Power of One, lena phríomhtheachtaireacht gur féidir le gach duine difríocht a dhéanamh sa timpeallacht ina mairimid. Le déanaí, thug Stiúrthóireacht TFC na Seirbhíse Cúirteanna comhairle ar úsáid éifeachtach an trealaimh TF. Tá na leideanna úsáideacha foilsithe againn anseo duit:**

Tá roinnt céimeanna gur féidir leat a thógáil chun ídiú fuinnimh a laghdú ó úsáid threalamh TF na hoifige.

Is fearr do ríomhaire a mhúchadh gach tráthnóna. Cuimsíonn sé seo an monatóir ar do ríomhaire a mhúchadh. Is féidir le ríomhaire nach múchtar níos mó leictreachais a ídiú thar oíche agus ag an deireadh seachtaine nuair atá siad díomhaoin ná gnáthlá oibre ina mbíonn gníomhaíocht ard i gceist. Mar shampla, ídíonn ríomhaire atá sa mhód spárálaithe scáileáin beagnach an leibhéal céanna leictreachais nuair atá sé á úsáid go hiomlán.

Smaoinigh faoin ríomhaire a mhúchadh ag am lóin nó nuair atá tú ag dul chuig cruinnithe agus seans ann go mairfidh na cruinnithe ar feadh tréimhse fada ama. Réimse eile gur féidir fuinneamh a shábháil ann ná priontáil. Seachas tomhaltas an pháipéir a laghdú, tá úsáid mhéadaithe na teicneolaíochta tar éis cur go suntasach le méadú i bpriontáil agus úsáid pháipéar. Tógann sé níos mó fuinnimh leathán páipéir a tháirgeadh ná mar a thógann sé le haghaidh priontáil. Dá réir sin, tá tionchar níos mó ag laghdú ar an líon páipéar a úsáidtear ar ídiú fuinnimh ina iomláine - níos mó ná toisc ar bith eile.

Go minic, bíonn sé díreach chomh héasca oibriú ón doiciméad ar an scáileán. Trí struchtúr roinnte eolaire de réir ghrúpa atá dea-phleanáilte a úsáid, is féidir leat na doiciméid a stóráil go leictreonach agus is féidir teacht orthu nuair atá siad ag teastáil, seachas iad a phriontáil, a chur i bhfillteán agus a chomhdú. Más féidir le do phrintéir nó fhótachóipeálaí déphriontáil a dhéanamh (cúl ar chúl), ba chóir duit an áis seo a úsáid i gcónaí le líon an pháipéir a úsáidtear a laghdú. Tá áis déphriontála ag na printéirí léasair ar fad atá ceannaithe ag an tSeirbhís Chúirteanna le blianta beaga anuas.

Áirítear leo sin na múnlaí printéara HP Laserjet 4250, Kyocera FS-1030, agus Oki B6300. I minic a fhágtar printéirí pearsanta ar siúl go seasmhach - nuair nach dtógann sé ach méid bheag ama an priontáil féin a dhéanamh - roinnt nóiméad gach lá a bhíonn i gceist go hiondúil. Tá sé i bhfad níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de iad a chasadh ar siúl nuair atá priontáil le déanamh agus iad a mhúchadh ina dhiaidh sin - is fearr seo ná iad a bheith ar siúl an t-am go léir.

D'fhéadfaí printéirí líonra roinnte a mhúchadh gach tráthnóna mar is minic go n-ídíonn siad níos mó leictreachais thar oíche agus ag an deireadh seachtaine ná mar a dhéanann siad nuair atá siad go gníomhach in úsáid.

Má tá trealamh TF imeallach eile agat san oifig cosúil le scanóirí, ba chóir iad seo a mhúchadh nuair nach bhfuil siad in úsáid. Ní bhíonn na gléasanna seo úsáidte go hiondúil ach amháin do chéatadán fíor-bheag den ghnáthlá oibre - bíonn siad ag úsáid leictreachais nach bhfuil riachtanach má fhágtar ar siúl iad an t-am ar fad.

## Leideanna áirithe ón bhfeachtas 'Power of One'

1. Múch na soilse agus an teas san oifig nuair nach bhfuil siad in úsáid, agus go háirithe i seomraí cruinnithe nó limistéir seirbhíse nach bhfuil áitithe.
2. Leas a bhaint as solas nádúrtha an lae chomh fada agus is féidir agus soilsiú taisc a úsáid nuair atá a leithéidí feiliúnach.
3. Cumraigh do ríomhaire go dtí mód "coigilte fuinnimh". Múch an scáileán agus is féidir leat níos mó a shábháil ná nuair a ligeann tú don mhód spárálaithe scáileáin nó "codlata" rith.
4. Má mhúchann tú do ríomhaire istoíche in ionad é a fhágáil ar siúl, déanfaidh tú sábháil 25% ar an meán maidir le do bhille fuinnimh bliantúil. Múch do ríomhaire ag ócáid ar bith nach mbeidh sé in úsáid agat ar feadh níos mó ná uair a' chloig.
5. Cinntigh i gcónaí go mbíonn gach trealamh oifige eile cosúil le printéirí, scanóirí agus fótachóipeálaithe múchta go hiomlán chomh maith.
6. Ná líon an citeal an-iomarca - mura bhfuil a dhéanamh agat ach cupán amháin nó dhá chupán caife, úsáid an méid sin uisce.
7. Cinntigh go bhfuil na teirmeastait socraithe chun timpeallacht oibre atá compordach a sholáthar (20°C)
8. Siúil nó rothaigh seachas achar gearr chun na háite oibre a thiomáint - ní bhíonn aon costas i gceist agus tá sé sláintiúil.
9. Oscail na scáthláin nó dallóga ar lá fuar grianmhar leis an ualach ar an gcóras téimh a laghdú. Ina theannta sin, úsáid na dallóga sin leis an teas a chaomhnú nuair atá sé dorcha lasmuigh.
10. Déan carr-roinnt le comhghleacaithe más féidir - déanfaidh fiú amháin aistear roinnte amháin in aghaidh na seachtaine fuinneamh agus airgead a shábháil. Bheadh 5% sábháilte go neasach trí aistear fillte amháin in aghaidh na míosa - déanann aistear fillte amháin in aghaidh na seachtaine sábháil 20% go neasach.

**Chun breis faisnéise a fháil féach ar: www.powerofoneatwork.ie/main/index.aspx**

# SLÁN CROÍÚIL

## mar a shuíonn an Breitheamh O'Higgins san Ard-Chúirt don uair dheireanach.

### An Breitheamh O'Higgins le suí i gCúirt Chéadchéime na hEorpa atá bunaithe i Lucsamburg

Ar30 Iúil, shuigh an Breitheamh Kevin O'Higgins san Ard-Chúirt don uair dheireanach roimh aistriú chuig Cúirt Chéadchéime na hEorpa i Lucsamburg. Thug gairmithe dlí agus foireann na Seirbhíse Cúirteanna ardmholadh dó don bhealach cúirtéiseach inar stiúir sé a chúirt.

Ag labhairt ón mbinse, dúirt sé go raibh sé díreach "ag dul i dtaithí ar chúrsaí" sna Ceithre Cúirteanna, agus a chuid ama críochnaithe aige. Chuimhnigh sé siar ar an 11 bhliain sa Chúirt Chuarda, agus 11 eile san Ard-Chúirt ina dhiaidh sin. Shonraigh sé gur mhór an onóir dó a bheith suite sa Chúirt Uachtarach tráth amháin.

"Is pribhléid ollmhór dom a bheith mar bhreitheamh agus onóir iontach dom a bheith rannpháirteach i riaradh an cheartais. Cé nach fíor a rá gur bhain mé taitneamh as gach nóiméad, bhain mé taitneamh as tromlach an ama. Tá cuid den obair mar bhreitheamh strusmhar agus deacair - go háirithe sa dlí coiriúil."

"Bealach iontach é a bheith mar bhreitheamh a thugann rud éigin ar ais don tír agus do mhuintir na tíre. Táim tar éis déileáil leis na mílte cás, cuid acu go maith agus cuid acu go dona táim cinnte. Gabhaim leithscéal le duine nó dlíthí ar bith go ndearna mé éagóir orthu - ní dhearna mé é seo d'aon turas."

Dúirt an Breitheamh O'Higgins go gcaithfidh breithimh saoirse an duine a bhaint uathu go minic, ach nár chóir dóibh dínit bhunúsach an duine a bhaint riamh. Níos luaithe, ghuigh gairmithe dlí agus foireann na Seirbhíse Cúirteanna gach rath ar an mBreitheamh O'Higgins ina ról nua. Ghabh Kevin O'Neill, Príomh-Chláraitheoir na hArd-Chúirte, buíochas leis an mBreitheamh O'Higgins dá aitheantas ar obair fhoirne na gcúirteanna agus ar son an Phríomhfheidhmeannaigh, ghuigh sé gach rath air ina ról nua.

Ar an mórchuid, labhair sé ar son na foirne cúirte a d'oibrigh leis an mBreitheamh O'Higgins ar bhonn laethúil.



*An Breitheamh Kevin O'Higgins*

"Ag éisteacht leis an méid atá ráite ag an triúr cainteoirí, ba dheas liom casadh leis an mbreitheamh seo," a dúirt an Breitheamh O'Higgins ag tagairt do na moltaí croíúla a bhfuair sé. Ghabh an Breitheamh O'Higgins buíochas lena bholscairí agus le foireann na Seirbhíse Cúirteanna don chúnamh agus chúirtéis leanúnach uathu, agus dúirt sé gur cairde anois iad mórán daoine ar oibrigh sé leo. Ghabh sé buíochas lena theaghlach chomh maith dá gcuid tacaíochta ar fad.

# Caitheann Scoil Iosaf lá sa chúirt

### Insíonn **Mary Roche** ó Oifig Chúirt Dúiche Luimnigh dúinn faoi chuairt dhaltaí rang a ceathair ó Scoil Iosaf, An Caisleán Nua, Co. Luimnigh ar Theach Cúirte an Chaisleáin Nua le déanaí.

Bhí na cailíní an-fhiosrach faoi ghnéithe éagsúla na nósanna imeachta cúirte - bannaí, na cúirteanna leanaí, coireanna tromchúiseacha agus íocaíochtaí chuig bosca na mbocht. Insíodh dóibh faoin gcóras cúirteanna, an stair agus stair theach cúirte an Chaisleáin Nua féin agus thugamar turas den fhoirgneamh dóibh.

Chuireadar i bhfeidhm an méid a dúradh leo láithreach nuair a tugadh deis dóibh rólghlacadh a dhéanamh ar chásanna áirithe.

Léirigh an díocas uatha sna róil éagsúla an méid ullmhúcháin a bhí déanta sa scoil, a bhuíochas sin don fhaisnéis arna soláthar ag Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna. Bhí Garda fíor-éifeachtach sa seomra cúirte ar an lá a thóg a ról an-dáiríre, agus a chinntigh gur cleachtadh iompar ceart sa seomra cúirte i gcónaí.

Bhí na daltaí in éineacht lena múinteoir ranga, an tUasal Maria Donovan agus an Leas-Phríomhoide an tUasal Kay Cussen - mo mhúinteoir i rang a ceathair nuair a bhí mé sa scoil chéanna! Le linn an tseisiúin ceisteanna agus freagraí, bhí dalta amháin cróga a mhol go raibh an tUasal Cussen cúisithe os comhair na cúirte maidir le hiarracht ar dhúnmharú. Tháinig na ceisteanna go pras ar raon ábhair lena n-áirítear coinníollacha bannaí agus srianta taistil.

Ba ghrúpa fíor-bhríomhar agus fiosrach a bhí againn agus ba phléisiúr é fáilte a chur rompu sa teach cúirte ar an lá.



*Daltaí agus múinteoirí ó Scoil Iosaf ag Teach Cúirte an Chaisleáin Nua*

# SCÉALA BÁIS:
# An Breitheamh Patrick J Brennan



Sheas sé i gcónaí ar cheisteanna prionsabail agus d'ardaigh sé mórán ceisteanna tábhachtacha maidir le riaradh an cheartais. D'fhéadfá a rá ina leith go mbreathnófaí ar mar cheann de na Breithimh Dúiche seanfhaiseanta a léirigh an t-ionracas is airde, le neamhspleáchas aigne cinnte agus a thuill meas agus cion domhain na gcleachtóirí.

Bhí Ros Comáin suite go daingean i gcroí Patrick Brennan. TD suntasach le Cumann na nGael agus feirmeoir láidir ab ea a athair. Bhí a charachtar fréamhaithe agus suite go láidir ina chontae dúchasach. Bhí sé láidir go fisiciúil, é i gcónaí díograiseach, misneach morálta aige agus bua iontach aige a shaol a mhaireachtáil lasmuigh den saol oibre. Chuir sé tús lena ghairm i bPort Láirge nuair a bhuail sé lena bhean chéile álainn Mary agus d'fhill sí leis go Clár Clainne Mhuiris, áit a raibh rath air mar phríomhpháirtí sa chomhlacht iomráiteach dlíodóirí Maguire and Brennan. Thug sé a chuid seirbhísí agus a chuid fuinnimh don phobal i gClár Chlainne Mhuiris i rith an ama sin, agus é rannpháirteach mar rúnaí le bunú coiste halla an bhaile i gClár Chlainne Mhuiris. Bhí ról gníomhach aige i mórán eagraíochtaí áitiúla eile. Bhuaigh sé Dámhachtain Drámaíochta Amaitéarach Uile-Éireann le linn an ama sin i gClár Chlainne Mhuiris.

Bhí sé ceaptha ar bhinse na Cúirte Dúiche in 1974 - a bhí ar an oifig bhreithiúnach is airde a bhí oscailte d'aturnaetha ag an am. Ghlac sé leis mar onóir iontach agus dúirt sé gur airigh sé gur phribhléid i gcónaí suí sa chúirt agus freastal ar a phobal. Go gairid tar éis an cheapacháin, bhí sé sannta do Chúirt Dúiche Uimhir 3 - Contae Mhaigh Eo go bunúsach. Ní rún ar bith gur bhain sé taitneamh as gach lá sa chúirt agus bhíodh sé spreagtha ag a chuid oibre - rud a lean chomh fada lena am scoir in 1995. D'fhreastail sé ar Choiste Rialacha na Cúirte Dúiche agus bhí sé i gcónaí chun tosaigh ina chuid smaointeoireachta ag cruinnithe de chomhlacht reachtúil na mBreitheamh Dúiche. Sheas sé i gcónaí ar cheisteanna prionsabail agus d'ardaigh sé mórán ceisteanna tábhachtacha maidir le riaradh an cheartais. D'fhéadfá a rá ina leith go mbreathnófaí ar mar cheann de na Breithimh Dúiche seanfhaiseanta a léirigh an t-ionracas is airde, le neamhspleáchas aigne cinnte agus a thuill meas agus cion domhain na gcleachtóirí.

Leis an méid sin ráite, bhí mórán oilbhéasa ann agus bhí an aoibh mhaith le sonrú ann i gcónaí - ina shaol gairmiúil agus sóisialta. Ceann de na rudaí is suntasaí ina shaol ná tar éis dó dul ar scor, agus in aghaidh chomhairle ó thromlach a chomhghleacaithe, thug sé faoi chaingean Ard-Chúirte chun athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar imeachtaí faoi úsáid chóras achainíoch an aire. D'éirigh lena chuid iarrachtaí agus tharla athrú i riaradh an cheartais agus úsáid na n-achainí chuig an Aire Dlí agus Cirt.

Tar éis dó dul ar scor, ní raibh fadhb ar bith aige sleamhnú ar ais agus cuairt a thabhairt ar a theaghlach, beiriste a imirt, a ghairdín a chóiriú, dul ag slatiascaireacht agus mórán gníomhaíochtaí eile - bhí saol fíor-shláintiúil aige go dtí go gairid roimh a bhás.

Cosúil leis an bhfear féin, ghlaoigh sé orm agus é ar leaba an bháis chun slán a rá liom nuair a bhí sé sna laethanta deiridh. Bhí sé ag iarraidh gach rath a ghuí orm. Seo trí lá roimh don Tiarna glaoch a chur air. Maireann a bhean chéile álainn Mary lena raibh sé i gcónaí fíor-bhuíoch, a mhac Michael a tháinig ina áit sa chleachtas agus a iníonacha atá ar fad ag obair sa ghairm leighis.

Ar dheis Dé go raibh a anam.

*An Breitheamh John Garavan*

SCÉALA BÁIS:

# An Breitheamh John Shields



Rugadh an Breitheamh Shields i mBaile Locha Riach agus tháinig sé ó chúlra dlíthiúil traidisiúnta. Chleachtaigh a athair, V.P. Shields nach maireann, ar feadh beagnach 60 bliain. Bhí Dan ar an tríú mac aige agus nuair a fuair a dheartháir bás gan choinne, ghlac sé freagracht mar phríomhpháirtí an chleachtais teaghlaigh. D'fhreastail sé ar mhuintir Oirthear na Gaillimhe agus Bhaile Locha Riach ach go háirithe go dtí a cheapachán in 1985 nuair a ghníomhaigh sé i dtús báire mar bhreitheamh inaistrithe, agus ansin mar bhreitheamh cathrach i mBaile Átha Cliath agus ar deireadh i Maigh Eo ag teacht i gcomharbacht ar a chara, Patrick Brennan.

Bhí fíor-mheas ar an mbeirt ach bhí difríocht shuntasach le sonrú eatarthu chomh maith. Fear an-chiúin ab ea Dan agus cheapfá nach raibh sé an-láidir, ach léirigh sé ceanntréine iontach agus d'oibrigh sé go fíor-chrua dá shaol ar fad. Bhí iomrá air don tslí ar phlé sé lena chliaint mar dhaoine aonair nuair a bhí sé mar chleachtóir agus choinnigh sé an meas seo do gach duine a tháinig i dteagmháil leis mar bhreitheamh.

Bhí meas aige ar dhínit an duine, agus chaith le gach duine go fíor-chúirtéiseach i gcónaí, ag glacadh le laigí an nádúir daonna agus d'iompar sé a dhaonnachas le creideamh láidir ina phrionsabail Chríostaíochta le linn na gairme breithiúnaigh go léir a bhí aige. Bhí sé seo léirithe ar ais sa mheas agus chion fírinneach a bhí ag gach duine dó.

Sampla den chineáltacht ann ná gur thaistil sé go Clár Chlainne Mhuiris le freastal ar shochraid a chara, Patrick Brennan, cúpla lá roimh a bhás féin. Lasmuigh dá shuim sa dlí agus a thiomantas dá bhean álainn Kitty agus dá theaghlach a raibh grá mór aige dóibh, an paisean eile a bhí aige ná ceol. Fear ardléannta agus cultúrtha sna healaíona, bhí grá faoi leith aige don cheol clasaiceach. Ba phátrún rialta a bhí ann ar fhéilte, cheoldrámaí, cheadail agus cheolchoirmeacha. Tugadh onóir dó féin agus a bhean chéile Kitty ag an gCarinthiser Zommer Festival in Ossiach na hOstair don fhreastal leanúnach 21 bliana a rinne siad ar an imeacht. Bhain sé sult as Féile Ceoldrámaíochta Loch Garman agus féile Bayreuth chomh maith. Ba chara é le John Beckett (neacht leis an drámadóir iontach Sam) - saineolaí iomráiteach luath-cheoil. Is cuimhin le daoine fós é ag seinm an pianó le Cumann Carúil agus Drámaíochta Naomh Breandán i mBaile Locha Riach ina luathbhlianta agus le linn na 1970idí nuair a bhí ráchairt ar a gcuid seónna ceoil.

Aireofar uathu go mór é ina theaghlach féin - go háirithe a bhean Kitty dá thiomantas agus chomhbhá di agus dá leanaí. Tagann a dheartháir níos sine Frank, breitheamh Ard-Chúirte sa Chéinia, atá ar scor anois, i gcomharbacht air. Aireofar an fear atruach uainn lena shuim sna healaíona, an t-ábhar is cúram a bhí aige d'fhoireann na Seirbhíse Cúirteanna agus gach duine a tháinig i dteagmháil leis agus go háirithe a bhean chéile Kitty, a mhic a leanann leis an traidisiún dlí, agus na huanna agus sin-uanna go léir atá aige.

Ar dheis Dé go raibh a anam.

*An Breitheamh John Garavan*

## AITHEANTAS - MICHAEL MORIARTY

**Ar chomóradh bliana a bháis, tá sé iarrtha ag teaghlach Michael Moriarty (a bhí tráth in Oifig na gCoimircithe Cúirte, san Oifig Phrobháide agus in Oifig an Mháistir Fómhais) an méid seo a leanas a fhoilsiú:** MORIARTY, Michael (Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath agus a d'oibrigh le hOifig na gCoimircithe Cúirte, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath) Is mian le bean chéile Michael, Annette O'Connell (An Oifig Phrobháide, Baile Átha Cliath), a leanaí Megan agus Emmet agus teaghlaigh shínte Moriarty agus O'Connell buíochas a ghabháil leis na breithiúna, na comhghleacaithe sa tSeirbhís Chúirteanna, abhcóidí, aturnaetha, feidhmeannaigh dlí, cuntasóirí costála, gearrscríobhaithe agus cléirigh dlí a chuir a gcomhbhrón in iúl dúinn ar bhás tobann agus gan choinne Michael i Meán Fómhair na bliana seo caite. Táimid fíor-bhuíoch do gach duine a thaistil le bheith linn ag tórramh, aistriú agus Aifreann sochraide Michael. Táimid faoi chomaoin ag Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna dá gcúnamh praiticiúil in ullmhú an tsearmanais shochraide, do Chormac Breathnach, cuntasóir costála agus ceoltóir traidisiúnta Gaelach dá dhréacht mothálach ceoil ag aistriú Michael agus do Chór na Seirbhíse Cúirteanna a chur go suntasach le hAifreann sochraide Michael. Bhíomar buíoch as cuairteanna ar an mbaile, na Cártaí Aifrinn, na hómóis bhláthach, litreacha comhbhróin agus na modhanna tacaíochta agus compoird eile go léir. Táimid fíor-bhuíoch chomh maith as an gcúnamh agus tuiscint leanúnach ó mhórán cairde agus comhghleacaithe sa tSeirbhís Chúirteanna agus go háirithe an fhoireann san Oifig Phrobháide. Bheadh sé dodhéanta buíochas a ghabháil le gach duine ina aonar agus glac leis an aitheantas seo le do thoil mar chomhartha buíochais. Rinneadh Sacraimint Bheannaithe an Aifrinn a ofráil ar bhur son ag Aifreann Comórtha a ceiliúradh sa Chlochán, Co. Chiarraí i mí Lúnasa.

# Téann Paul Smith ar scor



*Paul Smith, an 3ú duine ó chlé sa líne tosaigh, lena chomhghleacaithe*

Chruinnigh comhghleacaithe le chéile i bPáirc an Fhionnuisce le déanaí chun éisteacht le Shay Kirk, Aonad na nEastát agus na bhFoirgneamh, a chaith súil siar ar ghairm éagsúil agus fhada Paul Smith. Gairm a bhí aige a thosaigh i dteicstílí na hÉireann ag aois 14 agus a chríochnaigh le mórán seala dualgais leis na fórsaí cosanta thar lear. Le linn an ama sin, bhí tréimhsí aige sa Roinn Saothair agus i mBord Sláinte an Oirthir roimh dó tosú ar fhoireann na gcúirteanna in 1992. "Bhí Paul ar an gcéad duine a thug aire don trealamh nasc físe", a dúirt Shay ag meabhrú na tréimhsí ama ar fad ag Paul i raon oifigí - lena n-áirítear an seomra fótachóipeála sna Ceithre Cúirteanna, Oifig Phrobháide na hArd-Chúirte agus, le déanaí, Aonad na nEastát agus na bhFoirgneamh sa Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha. Thug an tOifigeach Probháide, Annette O'Connell agus Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha, Brendan Ryan moladh don bhealach cabhrach agus cúirtéiseach a dhéileáil sé le daoine agus don aird a thug sé do chúrsaí oibre go ginearálta. Leanann an nasc atá aige leis an arm tríd an Irish UN Veteran's Association agus tá mórán creidiúna tuillte aige don bhaint atá aige le roinnt dílleachtlanna i Tibnin agus i mBeithil.

Ghabh Paul buíochas le gach duine a tháinig chun rath a ghuí air agus a d'oibrigh leis le linn na mblianta sna cúirteanna. Guímid gach rath sa todhchaí air féin, ar a bhean chéile Mary agus ar a theaghlach go léir.

# Tá John Farrell imithe ar scor



*John Farrell, (sa lár, suite) le comhghleacaithe agus é ag fágáil slán*

Tháinig a lán cláraitheoirí Ard-Chúirte mar aon le foireann Aonad na nEastát agus na bhFoirgneamh, foireann na Stiúrthóireachta Athchóirithe agus Forbartha agus oifigigh seirbhíse le chéile chun gach rath a ghuí ar John Farrell nuair a d'imigh sé ar scor ó na cúirteanna le déanaí. Labhair an Phríomh-Oifigeach Seirbhíse, Eugene Lynch, thar cheann a chomhghleacaithe. D'inis sé do John go n-aireodh a chairde iomadúla sna Ceithre Cúirteanna uathu go mór é. "Go raibh maith agat as ucht na cabhrach go léir a thug tú don fhoireann agus do na breithiúna sna foirgnimh go léir a bhaineann leis na cúirteanna timpeall na háite seo. Nuair a d'iarrtaí ort rud a dhéanamh ní fhéadfadh aon duine tú a shárú. Rachaidh sé deacair ar dhuine ar bith aithris a dhéanamh ort". Labhair Sarah McQuade thar cheann fhoireann na hArd-Chúirte. ghuigh sí gach rath ar John agus é ar scor agus ghabh sí buíochas leis as an gcabhair go léir a thug sé don fhoireann agus do na cláraitheoirí. "D'fhéadfá a bheith cinnte i gcónaí nuair a d'iarrfá ar John rud a dhéanamh go ndéanfadh sé i gceart é," ar sise.

Dúirt Frank Lyons, Ceann Aonad na bhFoirgneamh, Baile Átha Cliath, gur bhain sé taitneamh as bheith ag obair le John. "Go raibh maith agat as ucht na cabhrach go léir a thug tú dúinn le sé bliana anuas." Mhol an Stiúrthóir Athchóirithe agus Forbartha, Noel Rubotham, an mianach cuiditheach a bhí i John nuair a chaith sé a thréimhse dheireanach mar oifigeach seirbhíse i dTeach Cúirte Shráid an Fhaiche. Dúirt Noel: "Bhí meas ar John acu siúd a bhí ag obair leis, nó a bhí i dteagmháil leis, de bharr an chur chuige coinsiasach gairmiúil a bhí aige maidir lena chuid oibre: tá sé ar cheann de na daoine sin ar féidir brath orthu i gcónaí." Dúirt sé lena chois sin: "Bhí gean againn go léir ar John de bharr an nádúir chaoin bhéasaigh atá ann agus de bharr a chúirtéisí is a bhíodh sé i gcónaí. Tá sé tuillte go maith aige dul ar scor agus guímid sláinte agus sonas air."

Dúirt John gur bhain sé taitneamh as bheith ag obair sna cúirteanna agus go n-aireodh sé uaidh go mór na daoine go léir a bhíodh sé ag bualadh leo gach lá. Ghabh sé buíochas leo go léir as teacht chun rath a ghuí air, agus as na cártaí a thugadar dó agus as na rudaí cneasta a dúirt siad. "Cuirigí mo bhuíochas in iúil, le bhur dtoil, dóibh siúd a bhí i dteagmháil liom le slán a fhágáil liom ach nach raibh in ann a bheith i láthair inniu," ar seisean mar fhocal scoir agus tugadh bualadh bos ó chroí dó de bharr na dea-oibre atá déanta aige.

# Bhí slua mór i láthair le slán a fhágáil le Pat Cope

Bhuail breithiúna, abhcóidí, cláraitheoirí, foireann cúirte agus slua cairde le Pat Cope agus a theaghlach i 'Tobar' na gCeithre Cúirteanna le déanaí le slán a fhágáil le Pat - fear a raibh gean ag lucht na gCeithre Cúirteanna air. Labhair fear an tí, Pat Dempsey, faoi na blianta fada a chaith Pat san arm agus go háirithe na tréimhsí a chaith sé sa Chipir agus sa Chongó.

Thosaigh Pat ag obair sna cúirteanna mar ghiolla cúirte an Bhreithimh Kevin Lynch, a bhí san Ard-Chúirt ag an am, agus chaith sé trí bliana déag leis sula ndeachaigh sé ar scor óna phost sa Chúirt Uachtarach. "Réitíomar go breá le chéile".

a dúirt an Breitheamh. "Ba dhuine é a b'fhurasta réiteach go maith leis". Labhair an Breitheamh Joseph Finnegan, a bhíodh ina Uachtarán ar an Ard-Chúirt is atá anois sa Chúirt Uachtarach, faoin dóigh éasca a bhí ag Pat agus an nádúr cairdiúil cuiditheach a bhí ann. Bhí Pat ina ghiolla cúirte ar feadh ocht mbliana ag an mBreitheamh Finnegan. "Is ionann mé féin agus Pat ar a lán bealaí. Rugadh sa bhliain chéanna muid sa cheantar céanna i mBaile Átha Cliath. Phósamar an



*Sa phictiúr (Clé - Deas) An Breitheamh Kevin Lynch, Maura, bean chéile Pat, Pat é féin agus an Breitheamh Joseph Finnegan*

bhliain cheanna agus bhí ceathrar clainne againn araon. Bhí Pat chomh mór sin mar chuid de mo theaghlach gur mhian le mo gharmhac, Joe, a bheith i láthair inniu le slán a fhágáil leis. Dúirt an Breitheamh gur fhoghlaim Pat an chaoi le rudaí a eagrú nuair a bhí sé san airm agus nach ndearna sé dearmad air riamh. Labhair sé faoi na huaireanta a chuaigh siad ar chuaird go hionaid chúigeacha agus dúirt sé gur eagraigh Pat gach turas amhail is dá mba fheachtas beag a bhí ann. Ní dhearna sé dearmad riamh ar aon rud!" Bhain sé gáire as an slua nuair a thug sé samplaí de go leor de na soláthairtí a bhí ag Pat agus an cumas a bhí ann réimse leathan earraí a fháil nuair a bhíodar ag teastáil.

Baile Átha Cliathach go smior é Pat agus d'inis sé dóibh gur "díreach suas an bóthar" a rugadh é. Bhí a bhainis phósta aige féin agus a bhean Maura sa sean-Four Courts Hotel arb é Áras Uí Dhálaigh anois é. "Bhain mé taitneamh as an am a chaith mé sna cúirteanna," ar seisean. "Thaitin na cásanna liom - an chorraitheacht, an brón agus na scéalta go léir a bhí ag gabháil leo. Gabhaim buíochas le mo theaghlach, le mo chairde sna cúirteanna agus le gach aon duine a ghuíonn rath orm".

Guímid gach sonas ar Pat, ar Maura agus ar a dteaghlach sna blianta atá romhainn.

# Ceapacháin Foirne



Ceapadh **Geraldine Hurley** mar Shannaí Oifigiúil i bhFéimheacht. D'oibrigh Geraldine in Oifig an tSannaí Oifigiúil ó mhí Feabhra 2007 agus bhí sí ina hOifigeach Pearsanra le dhá bhliain roimhe sin.



Tá post glactha ag **Kevin O'Neill** mar Príomh-Chláraitheoir na hArd-Chúirte. D'oibrigh Kevin mar Chláraitheoir san Ard-Chúirt le 13 bliana anuas agus d'oibrigh sé mar Chláraitheoir i gCúirt na Máistrí agus sa Liosta Tráchtála.

Ceapadh Margaret Sharkey mar Phríomh-Chléireach Chúirt Chuarda Dhún na nGall ó chuaigh Annie McGinley ar scor le déanaí.

Ceapadh **Barry Conroy** mar Bhainisteoir Réigiúnach na Lár Tíre. Bhí éagsúlacht ag Barry ina ghairmréim. Thosaigh sé le Bardas Bhaile Átha Cliath, mar a bhí ag an am, d'oibrigh sé sa Bhruiséil mar Attaché Oideachais agus Óige leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus i roinnt rannóga sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta ina dhiaidh sin, lena n-áirítear Rannóg Oiliúna na Múinteoirí, Aonad na bhFoirgneamh Scoile agus an Rannóg Riaracháin Iar-bhunoideachais.

Tá sé ina chomharba ar Anne Price a bhfuil post glactha aici sa Roinn Cosanta.

## Téann Annie McGinley ar Scor




*Grianghraf a tógadh nuair a d'imigh Annie McGinley (i lár na líne tosaigh) ar scor le déanaí. Bhíodh sí ina Príomh-Chléireach in oifig na Cúirte Cuarda i Leitir Ceanainn, i gCo. Dhún na nGall.*

# Léirmheasanna ar Leabhair




**Inheritance & Succession: The Complete Irish Guide**
John G. Murphy agus Jason Dunne
*Liberties Press*

Sílim gurb é Benjamin Franklin a dúirt nach bhfuil aon rud cinnte sa saol seo ach an bás agus cánacha. Pléann an leabhar seo an dá rud cinnte sin agus a lán lán rudaí eile. Tugann an leabhar treoir dúinn faoin gcaoi lenár saol a phleanáil le deimhin a dhéanamh de go mbreathnóimid inár ndiaidh féin agus i ndiaidh na ndaoine a dtugaimid grá dóibh fad atá muid beo, agus i ndiaidh na ndaoine sin a fhágfaimid inár ndiaidh nuair a chaillfear muid.

Treoir an-úsáideach í seo a thugann comhairle fhónta don léitheoir faoin gcaoi le cáin a laghdú agus infheistiú a dhéanamh le haghaidh na riachtanas a bheidh againn.

Tá comhairle ann faoina thábhachtaí is atá sé uacht a dhéanamh agus an chaoi le sócmhainní a fhágáil le huacht.

Tá faisnéis ann faoi dhlí an teaghlaigh, faoi iontaobhais agus faoi chearta dlíthiúla céilí agus leanaí. Maidir le soláthar a dhéanamh le haghaidh an ré atá le teacht pléann sé an tábhacht a bhaineann le Cumhacht Mharthanach Aturnae mar ghné de phleanáil mhaith le haghaidh na laethanta nuair a bheimid féin aosta.

Bíodh is nach maith le daoine a bheith ag machnamh ar an mbás is cinnte, faoi mar a dúramar thuas, go bhfuil sé i ndán dúinn agus tá píosa ag na húdair ag plé conas socruithe sochraide a dhéanamh, agus ról agus freagrachtaí ár n-ionadaithe dlíthiúla pearsanta.

Tugann an Breitheamh Robert Barr, a bhíodh ina Bhreitheamh Ard-Chúirte ach atá ar scor anois, le fios ina réamhrá go bhfuil raidhse taithí ag an mbeirt údar John G. Murphy agus Jason Dunne mar aturnaetha agus gur chuireadar rompu deachomhairle a chur ar fáil do ghnáthdhaoine.

Tá an leabhar seo dírithe ar an bpobal i gcoitinne. Cé go molann na húdair go lorgófaí comhairle ó ghairmithe, measaim go gcuirfidh an fhaisnéis sa treoir seo ar chumas daoine nach gairmithe iad a bheith ullmhaithe go maith agus é ar a gcumas ceisteanna grinne a chur ar "chomhairleoirí saineolacha", agus deimhin a dhéanamh de go bhfaighidh siad an chomhairle is fearr dá dtosca áirithe féin.

**Twilight**
William Gay
*2008, Faber and Faber*

Scéal an-spéisiúil é seo a thosaíonn nuair a fhaigheann Kenneth Tyler agus a dheirfiúr Corrie amach go bhfuil rud éigin aisteach ag tarlú do na mairbh i mbaile beag i ndeisceart Stát Aontaithe Mheiriceá agus baint ag an adhlacóir áitiúil, Fenton Breece, leis an scéal. Tá rún ag Tyler agus ag Corrie bearta Breece a thabhairt chun solais agus ní fada go mbíonn siad ag plé le Granville Sutter. Tá gach seans ann gurb é Sutter an ollphéist is uafásaí dar chruthaigh William Gay riamh. Duine is ea é nach bhfuil aon tuiscint aige ar mhoráltacht is nach ndéanfadh dearmad go deo ar an masla is lú. Is fear é nach ligfeadh do dhuine ar bith seasamh sa bhealach air. Ceann de na teisteanna is túisce a fhaighimid faoina charachtar is ea a bhfuil le rá aige le bean ar thug a fear fianaise ina aghaidh sa chúirt. “So long, Widow Conkle," ar seisean léi nuair a chas sí a dhroim leis. "I'm not a widow," ar sise gan fiú stopadh. "Not yet," arsa Sutter.




Tugann Tyler aghaidh ar cheantar mianadóireachta ar a dtugtar an Harrikan agus Stutter sa tóir air. Ceantar é seo atá tréigthe ag formhór na ndaoine le fada agus iad tar éis ligean dá dtithe imeacht chun raice. Is anseo a tharlaíonn an choimhlint dheireanach idir an sealgaire agus an té atá á lorg aige ach is iomaí rud a tharlaíonn sa scéal roimhe sin.

Tá bua iontach ag an údar craiceann a chur ar scéal agus tá cuntais iontacha aige ar fud an úrscéil, ar nós an cur síos a thugann sé ar Tyler ag dul isteach i mbaile agus seanfhir a fheiceáil "a d'fhéach in airde ag súil go n-éireodh le Tyler rud éigin spéisiúil a dhéanamh chun deireadh a chur le leadrán an tsaoil a bhí ag síneadh amach rompu, ach nuair nach ndearna sé é sin agus nuair a shiúil sé leis go rábach agus a rún daingean féin aige, níor bhacadar leis a thuilleadh agus d'fhilleadar ar an neamhní a bhí ar siúl acu roimhe sin."

Is é *Twilight* an tríú úrscéal ag Gay (scríobh sé The Long Home agus Provinces of Night roimhe) agus d'éirigh leis arís slua príomhcharachtair agus fiú mioncharachtair a chruthú in imeacht an scéil nach furasta dearmad a dhéanamh orthu.

*Tá Noel A. Doherty ina Phríomhoifigeach i Stiúrthóireacht Athchóirithe agus Forbartha na Seirbhíse Cúirteanna.*

# THE VERVE – Forth

**Tháinig The Verve le chéile arís i mbliana tar éis dóibh a bheith scartha óna chéile le deich mbliana - agus é sin in am do shéasúr na féile atá romhainn.**



Cúis iontais é seo ag a lán daoine óir tá droch-cháil amach is amach ar an mbanna de bharr na n-achrann a bhíonn acu. Níor fhan siad le chéile ach ar feadh 12 mhí an uair dheireanach ar tháinig siad le chéile, ach bhí claisicí mar *Bittersweet Symphony*, and Sonnet acu. Bhí taispeántas den scoth acu ag féile Glastonbury na bliana seo agus d'éirigh leo cuid den gradam a bhí acu roimhe a bhailiú chucu féin arís, agus chuireadar leis an áibhéil mhór a bhí á déanamh cheana féin faoin albam nua Forth atá ar na bacáin acu.

Cén sórt albam é? Ar an gcéad dul síos, níl aon amhrán mór ann cosúil le B*ittersweet Symphony*. Is é *Valium Skies* lena ionstraimiú lainneach agus fonn lán de mhacallaí aige an rud is cóngaraí dó. Maireann cuid de na hamhráin breis agus sé nó seacht nóiméad agus tá fad breis agus uaire ag an albam dá bharr. Is léir go ndeachadar sa tseans leis an mbeart seo agus cúrsaí ceoil an lae inniu mar atá. D'éirigh thar cionn le h*Arctic Monkeys* le hamhráin nár mhair mórán thar dhá nóiméad. Lena chois sin, ós rud é nach ndearna the Verve aon ghaisce mór ceoil in 2008 le *Forth* ní maith an tuar é.

In ainneoin sin is uile bainfidh lucht leanúna the Verve an-sásamh go deo as an albam seo. Ní mór an díol suntais é ar an gcéad éisteacht de bharr ró-éagsúlacht agus duairceas na n-amhrán, b'fhéidir. Ach má éistear athuair leis is léir gur saothar ardcháilíochta atá ann. Éiríonn an chead amhrán singil *Love Is Noise* níos fearr gach uair a chloiseann tú é, tá *Rather Be* á thiomáint ar aghaidh ag fuaimeanna aisteacha fo-uisce na míolta móra, agus tá *Judas* san iomaíocht le haghaidh gradam don amhrán is fearr agus don liric is measa ar an albam – "New York, I was Judas, she said 'a latté, double shot for Judas'". Tá guth breá ag an bpríomhamhránaí Richard Ashcroft agus éiríonn leis laigí na liricí seo a shárú, go mór mór i gcás *Columbo*, áit a bhíonn sé ag cuachaíl agus an dordlíne ag titim léi.

Tá fíor-dhrochamhrán san albam seo freisin. Tá iarracht bréagach déanta in *I See Houses* atmaisféar aerachtúil a chruthú, agus leis an gcur i láthair leisciúil agus amhránaíocht lag, léiríonn sé gur theip orthu ó thaobh rialú cáilíochta de. Ar a fheabhas, is éard atá ann ná atheisiúint ábhar a chuir Ashcroft ar fáil ina aonar, agus ba mhinic é sin lag go leor. Is cosúil go bhfuil rún aige i gcónaí dealramh domhain diamhar a chur air féin agus is beag nach milleann sé sin cáilíocht na n-amhrán seo uaireanta. Is mó fós an díol suntais dá bharr sin an taipéis cheoil a éiríonn le Nick McCabe a chur ar fáil. Eisean giotáraí an bhanna agus agus níl an oiread sin féinspéise ann mar fhoinse chruthaíochta.

D'fhéadfadh díomá teacht ar an lucht leanúna níos óige a chuirfeadh spéis san albam de barr a práinní is atá *Love Is Noise*, ach tá go leor ann a bhainfidh na daoine, a thug gean don bhanna seo chomh fada siar le 1992, taitneamh as. Tá oscailteacht, fairsinge agus a lán leibhéal le sonrú ina lán de na raonta ann. Tá ceol cliste an ghiotáir agus na cnaguirlisí a bhíodh ag the Verve ina laethanta tosaigh le sonrú arís ann, rud a thugann atmaisféar don albam nach bhfuil le sonrú sna cairteacha faoi láthair.

Is cosúil go bhfuil McCabe agus Ashcroft in adharca a chéile i gcónaí arís agus ar an ábhar sin d'fhéadfadh sé tarlú go scarfadh siad ó chéile. Tá an dealramh ar an scéal gurb é an caidreamh achrannach seo foinse chumais agus laige the Verve. Is ag Dia amháin atá a fhios an éireoidh leis an mbanna fanacht le chéile fada go leor chun a gcúigiú albam a chur ar fáil.

*Luke O'Neil*





# EACHTRAÍOCHT AR *KILIMANJARO*

**D'éirigh le Lisa Maybury ón Aonad Tacaíochta Breithiúnaí éacht a dhéanamh nuair a dhreap sí Kilimanjaro agus rinne sí ar son deachúise é freisin. Léigh leat agus faigh amach tuilleadh faoin eachtra seo.**

Ba chosúil ó fhuinneog ár n-óstán nach raibh duine sa saol a d'fhéadfadh an mullach a shroicheadh. Bhí fána ghéar uirthi agus sneachta ar a barr, agus ó tá Sliabh Kilimanjaro 5,895 ar airde, is í sin an sliabh shaorsheasaimh is airde ar domhan. Bheartaíomar í a thriall ar aon nós ó bhíomar tagtha an bealach sin go léir. Mar sin chuireamar ár mbróg fánaíochta orainn ar an 26ú Lúnasa agus thugamar faoi "Bhealach Machame" agus Stanley mar threoraí againn. Bhí ceathrar dreapadóirí Spáinneacha, triúr treoraí, cócaire amháin agus 18 ngiolla linn sa ghrúpa. Is féidir le dreapadóirí taisteal trí bheagnach gach cineál aeráide agus éiceachóras ar domhan ar Kilimanjaro toisce í a bheith chomh hard sin agus í suite ar an meánchiorcal. Bhí foraois bháistí, móinteach, fásach alpach, screathan agus sneachta romhainn sna seacht lá ina dhiaidh sin. Bhí radhairc iontacha againn ar Bheann Mawenzi, ar Shliabh Meru agus ar na machairí thíos fúinn. Bhaineadh an spéir san oíche an anáil asainn leis na billiúin réalta le feiceáil agus radhairc dochreidte againn ar Bhealach na Bó Finne. Cúis iontais dúinn a fheabhas is a bhí an bia óir bhí torthaí úra againn gach lá mar aon le rís, pasta agus anraithí agus créipeanna éagsúla againn. Bhí fiú sicín agus sceallóga prátaí againn tráthnóna amháin.

Ba iad dreapadh Túir an Laibhe agus Balla Barranco an dá rud ab iontaí ar fad den turas. Is éard atá i dTúr an Laibhe ná gallán mór cloiche le brat laibhe air. Tá sé 200 méadar ar airde (breis agus an ceathrú chuid de mhéid Chruach Phádraig) agus é suite ar thaobh an tsléibhe. Ba mhór an teist ar ár scileanna dreapadóireachta é agus muid ag iarraidh an chead dreapa eile a aimsiú dár lámha is dár gcosa agus muid ag dreapadh linn .........gan rópa ar bith againn agus gan ach fíorbheagán comhairle. Má cheapamar go raibh sé dian orainn níorbh aon rud é i gcomparáid lena raibh le déanamh ag ár ngiollaí. Bhí suas le 20kg ar a ndroim agus ar a gceann acu agus d'fhágadar muid sa ndeannach ina ndiaidh agus iad ag rith ó champa go campa. Thugadar tuiscint nua ar fad dúinn ar cad is lá trom oibre ann.

D'éiríomar go luath ar an Satharn tar éis 25 uair a bheith siúlta againn sna 4 lá roimhe sin agus shiúlamar ar feadh 5 uaire le teacht go dtí ár mbunáit Barafu. Focal Svahaílise é seo a chiallaíonn oighear agus ba thuar é faoin gcineál aimsire a d'fhéadfaimis a bheith ag súil léi. D'itheamar an dinnéar go luath agus luíomar síos chun cúpla uair luachmhar codlata a fháil sula dtabharfaimis aghaidh ar an mullach. Bhí sé in am againn tabhairt faoi ag 11.30 i.n. D'ólamar té te agus ansin ghluaiseamar linn i gcoim na hoíche. Ba é seo an chuid ba dheacra den turas óir bhí tuirse agus míbhail airde ag cur as dúinn go mór. Chuamar thar ghrúpaí eile agus chuaigh grúpaí eile fós tharainne i rith na hoíche ach níor bheannaíomar d'aon duine.
Leanamar ar aghaidh go daingean ag fulaingt go ciúin. Thóg sé breis agus 5 uaire orainn dreapadh suas an fána géar spallaíocht go Beann Stella agus uair a chloig eile chun an mullach, Beann Uhuru, a bhaint amach.

Shroicheamar é agus an ghrian ag éirí agus b'iontach an radharc iad oighearshruth Kibo agus imeall an choire. Bhí an turas anuas lán chomh dian leis an turas suas toisc muid a bheith spíonta ag an bhfánaíocht a bhí déanta againn. Thóg sé beagnach 4 huaire orainn ár bpuball ag Barafu a bhaint amach. Chaitheamar cúpla uair a cloig inár gcodladh agus ansin bhí sé in am againn bóthar a bhualadh arís agus aghaidh a thabhairt ar Champa Mweka. Turas 5 uaire a bhí ann.

Bhí buidéal fuar beorach romhainn nuair a shroicheamar an áit agus bhí deis againn an tráthnóna a chaitheamh ar ár suaimhneas agus cuimhneamh ar a raibh bainte amach againn le cúpla lá. Bhí turas 3 uaire againn go Geata Mweka an mhaidin dar gcionn ach mheasamar nach raibh ann ach mar a bheadh siúlóid i bpáirc. Bhí sé in am againn aghaidh a thabhairt ar ár n-óstán ansin chun cithfholcadh a bhí tuillte go maith againn a thógáil. B'iontach go deo an dúshlán a bhí ann agus eachtra iontach agus níor leasc linn é a dhéanamh arís.

Go raibh míle maith agaibh go léir a ghuigh gach rath orainn ar ár dturas. Go raibh míle maith agaibh go léir, freisin, a rinne urraíocht orm thar cheann ciste Ospíse Leanaí Laura Lynn. Ciste carthanachta é seo a bhunaigh ár iar-chomhghleacaí Jane McKenna. Is féidir leat tuilleadh a fháil amach ag láithreán gréasáin na carthanachta www.lauralynnhospice.com. Bheadh fáilte is fiche roimh aon tabhartas.





# SON OF RAMBOW

**Caitheann ár léirmheastóir scannán Ronan Power súil maoithneach thar an DVD *Son of Rambow* a eisíodh le déanaí.**

Tá scannán ar fáil faoi dheireadh atá tiomnaithe dúinn, daoine óga na 80í (bhuel, na 70í nó na 80í i mo chás féin). Ba ththréimhsea gruaige móire í le faisin bhaolacha, ceol iontach ach liricí áifeacha leis agus scannáin speisialta aicsean na 80í ar thugamar gean dóibh ag an am, nuair a thógamar ar gcéad tturaisbus isteach sa chathair linn féin le dul chun na hamharclainne is gan tuismitheoir le feiceáil. Ba chomhartha sóirt é go rabhamar fásta.

Baineann *Son of Rambow* leis an tréimhse speisialta sin i saol bhuachalla nuair a thógann scannáin ón ngnáthshaol laethúil é. Tá a scéal féin ag gach duine, bíodh sé ag ligean air go mba Rambo é agus gunnaí bréige aige agus veisteanna do fheicthe piléardhíonacha air, nó é i mbun scannáin ghearr le figiúir aicsean. Tá scéal Will Proudfoot (Bill Milner) suite sa Bhreatain sna 80í, áit ar tógadh é laistigh de seict ar a dtugtaí The Brethren. Níl cead ag Will labhairt le daoine ó lasmuigh den seict agus tá cosc ar cheol, ar scannáin agus ar an teilifís. Tá sé ag freastal ar ghnáthscoil, áfach, agus is ann a bhuaileann sé le Lee Carter (Will Poulter), bulaí na scoile is a bhíonn ag déanamh físeanna baile Nuair a thaispeánann Lee cóip bradach de *Rambo First Blood* do Will fágann sé a aigne ina chíorthuathail agus tugann sé faoi eipic mhór aicsean a dhéanamh in éineacht le Lee agus an scéal a choinneáil ina rún ó The Brethren.

Cruthaíonn Will go bhfuil féith an scannánóra ann agus is gearr go mbíonn sé féin agus Lee ina gcairde. De réir mar a thagann fás ar an gcairdeas seo tosaíonn an bheirt acu ag tógáil domhan le neart a gcuid samhlaíochta. Bhí duine acu neamhurchóideach, saonta agus an duine eile neamhurchóideach freisin ach gach smacht ag aon duine fásta air le srian a chur leis.

Nuair a thagann mac léinn malairte, buachaill séú ranga, chucu agus é gafa go hiomlán le popchultúr agus an rómánsachas nua tá sé mar a bheadh sé ina dhia beag ag na daltaí Sasanacha.

Nuair a fhaigheann seisean amach faoin obair chruthaíocht atá ar siúl ag an mbeirt beartaíonn sé páirt a bheith aige ann agus tá an plota ullamh.

B'fhéidir go bhféadfadh duine a rá céard a tharlóidh ina dhiaidh sin ach is cuma faoi. Cúis ghrinn agus ábhar ceanna é a bheith ag féachaint agus na téamaí á téamaí á ríomh. Ní focail iad sin ar mhaith liom a úsáid de gnáth i léirmheas. Is féidir na hábhair teannais a fheiceáil roimhré, ach tugann téama na fantaisíochta agus comhoibriú na samhlaíochtaí atá sna léaráidí a tharraingíonn na buachaillí rithim agus uigeacht don scannán i slí gur fiú féachaint arís is arís eile air. B'fhéidir nach bhfeicfidh tú aon rud nua má théann tú siar air ach is amhlaidh is fearr é an chaoi atá sé fós friseáilte dearfa éadrom.

Is iomaí snáth atá sa scéal agus iad nasctha go daingean le cheile agus ag tacú leis an bpríomhphlota ó bhealaí éagsúla, ach tugann gach snáth díobh cuntas ar an gcaoi a d'fheadfadh duine óg a bheith agus é ag fás aníos sna 80í.

Is mór an gaisce a dhéanann an dá phríomhaisteoir agus gach ball den fhoireann. Cúis iontais é caighdeán na haisteoireachta a bhí ag Will Poulter agus ag Bill Milner agus ní féidir Nicholas Hoult in *About a Boy* a chur i gcomparáid leo. Is dócha go bhfuil an carachtar is fearr ag Jules Sitruk agus páirt aige mar an punc-racóir Francach sna 80í a atá ina dhia beag ag daltaí uile na scoile. Is dócha gurb é an rud is greannmhaire sa scannán an chaoi a nglacann na cailíní áit i líne le hiarracht a dhéanamh cluain a chur air.

Tá faitíos orm go sceithfidh mé an iomarca den phlota agus mar sin ní dhéarfaidh mé ach: Féach air. Ní bheidh aiféala ort. Dún do shúile criticiúla agus do bhreithiúnas sóisialta agus téigh isteach i ndomhan na samhlaíochta trí shúile daoine óga agus daoine atá beagnach fásta. Tá gach aon seans ann go rachaidh an scannán seo i gcionn ort - bíodh sé sin ag teastáil uait nó ná bíodh.

Cuimhnigh ar *Gregory's Girl*, ar *Billy Elliot*, agus ar *Bugsy Malone*, agus ar scannáin Briotanacha eile faoi dhaoine óga agus a saol agus cuirfidh tú *Son of Rambow* isteach ina measc.

Bain sult as.

# As an Oifig le ... Martina Mangan

## An Oifig Coimeádta, Cúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath



Martina Mangan

**Cén caitheamh aimsire atá agat?**
Is imreoir díograiseach saighead mé.

**Cén chaoi ar tharla sé go raibh baint agat leis?**
Thaispeáin mo pháirtí an spórt dom thart ar 12 bhliain ó shin. Ba bhreá liom láithreach é mar chluiche agus bhí mé i mo bhall d'fhoireann saighead na mban an Submarine Bar i gCromghlinn agus mé ag imirt gach oíche Déardaoin. Bhí mé i mo bhall de dhá fhoireann mheasctha i dTamhlacht agus i gCill Droichid go dtí níos luaithe i mbliana. Ba mise an t-aon bhean amháin orthu. Ghlacamar páirt i Léig Dheisceart Chontae Bhaile Átha Cliath oíche dé Luain.

**Cén chaoi ar éirigh leat i gcaitheamh na mblianta?**
Bhuaigh foireann Cheatharlach craobh Shraithchomórtas idir Chontae Laighean in Eanáir na bliana seo don chúigiú bliain as a céile - bhí an bua againn ar Chill Dara sa chluiche ceannais. Is iontach an rud é, ach mharódh sé le himní thú, seasamh in airde ar stáitse i halla lán agus an réiteoir ag glaoch amach do scór ar an micreafón. Is dócha gur chóir go mbeadh taithí agam air faoin am seo ó d'éirigh chomh breá sin liom le blianta beaga anuas.

**An chuimhin leat aon móreachtra eile?**
Bhain mé craobhacha Laighean amach agus ghlac mé páirt i gcraobhchomórtais na hÉireann agus lena chois sin ghlac mé páirt in imeachtaí carthanachta i gcaitheamh na mblianta. Ní amháin gur chuir sé ar mo chumas tacú le cúiseanna fiúntacha ach thug sé an deis dom dul san iomaíocht le cuid de na himreoirí is fearr an domhain. D'imir mé in aghaidh Eric Bristow cúpla bliain ó shin. Bhain seisean amach Craobh an Domhain 5 uaire agus bhí sé sa chéad áit tamall roimhe sin. Ba mhór an rud é dul san iomaíocht leis. Níl sé ach cúpla seachain ó d'imir mé in aghaidh Andy Hamilton arb é an seachtú imreoir is fearr ar domhan faoi láthair.

**An bhfuil tú ag súil le rud ar bith amach anseo?**
Ba bhreá liom Craobh na hÉireann a bhaint amach. Bhí an fhoireann sa chluiche ceannais le dhá bhliain anuas ach bhuaigh foireann Bhaile Átha Cliath agus foireann Chorcaí orainn. Sháródh sé gach rud eile Craobh na hÉireann a bhaint amach. Ach cá bhfios? B'fhéidir nach fada go n-éireoidh linn.
*Gu'mid gach rath ar Martina agus ' ag iarraidh craobh na hfireann a bhuachan.*

# Cumann Sacair na Seirbhíse Cúirteanna

**Insíonn Finn Ryder ó Chumann Peile na Seirbhíse Cúirteanna dúinn faoin mbliain ba mhó a raibh rath ar an bhfoireann i Sraithchomórtas na nAturnaetha.**



Chuaigh an fhoireann san iomaíocht arís i mbliana i Sraithchomórtas na nAturnaetha agus d'éirigh leo na cluichí leathcheannais a bhaint amach don chéad uair riamh. Bhí sé de mhí-ádh orainn gur buadh orainn 3-1 an oíche sin. Is iomaí taispeántas maith a tugadh, áfach, agus bhí an scór ba mhó againn sa tsraithchomórtas.

Bhí orainn bua a fháil i gcluiche deireanach na sraithe le dul ar aghaidh go dtí na cluichí ceathrú ceannais, rud a rinneamar le bua 3-2. Ba iad Sean McQuillan agus Rob Rugers a bhuaigh na scóranna ab airde don bhfoireann an séasúr seo. Bhí Richie Kelly mar bhainisteoir againn arís ag tús na bliana ach ghlac sé scíth i lár an fheachtais. Ghlac Andy Cleary a áit agus treoraigh sé go háit sa chluiche ceathrú ceannais don chéad uair le dhá bliain anuas (agus é ag imirt linn i rith an ama!!!)

Tá súil againn go n-éireoidh níos fearr linn an bhliain seo chugainn agus go mbeidh muid san iomaíocht sa chraobhchluiche. Gabhaim mo bhuíochas leis na himreoirí go léir, leis na bainisteoirí agus lenár lucht tacaíochta as ucht a gcabhrach agus a n-iarrachtaí i rith an tséasúir. Go n-éireoidh fiú níos fearr linn i séasúr na bliana 2009.

# Tráth na gceist

Mar gheall ar éileamh coitianta, is tráth na gceist ceoil atá san eagrán seo. Tosaigh ag smaoineamh anois agus **cuir ainm leis an amhránaí agus leis an amhrán** ó na liricí thíos. Tá roinnt acu ar sheol níos mó ná ealaíontóir amháin iad, agus ó tharla go bhfuilim chomh flaithiúil agus atáim glacfaidh mé le hamhránaí bhunleagan nó leagan níos déanaí an amhráin.

1. Maybe I didn't treat you
Quite as good as I should have
Maybe I didn't love you
Quite as often as I could have
Little things I should have said
and done
I just never took the time

Freagra:

2. If I were to say to you
"Can you keep a secret?"
Would you know just what to do
Or where to keep it?

Freagra:

3. Friday night and the lights are
low
Looking out for the place to go
Where they play the right music,
getting in the swing
You come in to look for a king

Freagra:

4. Well, I'm running down the road
Tryin' to loosen my load
I've got seven women on my mind
Four that wanna own me
Two that wanna stone me
One says she's a friend of mine

Freagra:

5. Sailin' away on the crest of a wave
It's like magic
Oh rollin' and ridin',slippin' &
sliding
It's magic

Freagra:

6. Sometimes the river flows but
nothing breathes
A train arrives but never leaves
It's a shame
Oh life - like love that's walked
out of the door
Of being rich or being poor
Such a shame

Freagra:

7. The future teaches you to be
alone the present to be afraid and
cold
'So if I can shoot rabbits then I can
shoot fascists'
Bullets for your brain today but
we'll forget it all again
Monuments put from pen to paper
turns me into a gutless wonder

Freagra:

8. I love you
But I gotta stay true
My moral's got me on my knees
I'm begging please
Stop playing games

Freagra:

Is féidir leat d'fhreagraí a sheoladh chuig: Tony Lawlor, Oifig Faisnéise na Seirbhíse Cúirteanna, Teach an Fhionnuisce, 15/24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7, nó trí ríomhphost chuig alawlor@courts.ie



Maeve Foley, buaiteoir thráth na gceist mhí an Mhárta ag glacadh lena duais ó Brenda Casey, Seirbhísí Corparáideacha (Maeve Foley, winner of the March quiz, accepting her prize from Brenda Casey, Corporate Services.

**Ba iad seo a leanas freagraí ar thráth na gceist mhí Iúil:**

1. Gary Mackay
2. Iosrael. 5 - 0 go hÉirinn
3. Liam Brady
4. Stuttgart
5. Ray Houghton
6. 1 - 1
7. Wim Kieft
8. An Ísiltír

**Agus is í an buaiteoir: ALICE WHITE, Oifig na gCoimircithe Cúirte.**

*Comhghairdeas leat a Alice. Beidh muid i dteagmháil leat go gairid le do dhuais.*

# Tríd an lionsa

## Tá an tSeirbhís Chúirteanna tar éis a bheith ina hóstach ag go leor aíonna ó thimpeall an domhain le cúpla mí anuas....



Rannpháirtithe i gceardlann bhliantúil Scoil Dlí Choláiste na Tríonóide do Phríomh-Bhreithiúna agus do Bhreithiúna Sinsearacha thíortha na hAfraice sa phictiúr le Breithiúna na hArd-Chúirte ag na Ceithre Cúirteanna le déanaí.



Foireann na Seirbhíse Cúirteanna le toscaireacht rialtas na Banglaidéise in éineacht le clár forbartha na Náisiún Aontaithe ar thuras de na Ceithre Cúirteanna



Michael Venn B.L. le toscaireacht ón gComhdháil den Chumann Idirnáisiúnta um Athchóiriú an Dlí Coiriúil



Riarthóirí Cúirte ón Mhacadóin ag baint sásaimh as cuairt chuig an tSeirbhís Chúirteanna



Toscaireacht ó Chúirt Drammen Tingrett, an Iorua, ag bronnadh de chuid an Uasail Noel Rubotham, An Stiúrthóir Athchóirithe agus Forbartha



An Breitheamh Vivian Lavan (líne cúil, sa lár) leis an Ollamh Lorenz agus fochéimithe ó Ollscoil Washington ar chuairt chuig na Ceithre Cúirteanna le déanaí



Ar an lá deireanach de ghnó na cúirte ag teach cúirte stairiúil Chill Mhaighneann (Clé - Deas) Cléireach na Cúirte, Rose O'Sullivan, an t-aturnae Terry Hanahoe agus an t-airíoch Peter Cullen